# Comhairle Contae Átha Cliath Theas
# Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil 2017

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**



# Ár Misean

## An áit is fearr le maireachtáil, le bheith ag obair agus le bheith i mbun gnó a dhéanamh dár gcontae

# Clár Ábhar

Réamhrá ón Méara 02

Réamhrá ón bPhríomhfheidhmeannach 04

Cruinnithe Comhairle 2017 06

Coistí Polasaí Straitéisigh (CPS) 07

**CPS Eacnamaíoch, Fiontraíochta agus Forbartha Turasóireachta 08**

**CPS le haghaidh Úsáid Talún, Pleanála agus Iompair 14**

**Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail 18**

**Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide 24**

**Cumas na hEagraíochta agus Freagracht 30**

**Gradaim Chorparáide 2017 38**

AGUISÍN

1. Cairteanna agus Graif Airgeadai 40
2. Ballraíocht Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 42
3. Comhdhálacha Oiliúna ar fhreastail Comhairleoirí orthu in 2017 47
4. Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2017 49
5. Nochtadh faoi Chosaint 2017 51
6. Táscairí Feidhmíochta Áitiúla 2017 52
7. Foireann Bainistíochta Sinsearaí 56

# Réamhrá ón Méara



Is mór an onóir a bheith páirteach i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2017. Dhá mhí dhéag eachtrúla a bhí in 2017 dár gContae go ginearálta lena lán dul chun cinn dearfach i roinnt réimsí. Ach bhí dúshláin bhuiséid ann fós maidir le maoiniú breise do phríomhearnálacha, agus cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag plé leis an ngéarchéim thithíochta agus chóiríochta, i dteannta le hiarrachtaí ag an leibhéal náisiúnta agus logánta, ní raibh de thoradh air sin fós na feabhsuithe suntasacha a rabhthas ag tnúth leo. Is dúshlán fós é freisin a chinntiú go bhfuil tithíocht nua meaitsáilte ag infheistíocht in infreastruchtúr agus áiseanna pobail, rud is mian go mór cónaitheoirí amach anseo agus reatha araon i limistéir fhorbartha nua.

Nuair a toghadh mé d'aon ghuth i mo Mhéara i Meitheamh 2017 leag mé amach trí théama a raibh mé ag iarraidh díriú orthu le linn mo théarma in oifig. Ba é an chéad cheann tús áite a thabhairt do Bhaile Átha Cliath Theas mar mhol le haghaidh sláinte agus leasa, ag tógáil ar an stádas Contae Sláintiúil a baineadh amach an bhliain roimhe. Ina leith seo, thacaigh mé lena lán tionscnamh sa réimse seo a bhí dírithe ar naisc a fhorbairt nó a fheabhsú le gníomhaireachtaí eile agus grúpaí pobail agus uirlisí a chur chun cinn lenár saoránaigh a chumasú le nósanna níos folláine a thógáil.

Ba é an dara tosaíocht agam cuidiú le Baile Átha Cliath Theas a fhorbairt mar Chontae níos tíosaí ar fhuinneamh de agus níos féinleorga. Is é a bhí i gceist leis seo tógáil ar an obair den scoth déanta cheana féin ag ranna éagsúla Comhairle agus tionscnaimh ghlasa a choinneáil chun tosaigh. Thug na baill thofa tacaíocht dom ag rith roinnt rún sa réimse seo, chomh maith le tacaíocht a fháil le tús áite a thabhairt do réitigh ghlasa ag am nuair atá éilimh níos teanna ar an mbuiséad, lena n-áirítear an buiséad le seansoilsí sráide a ionadú le córais nua LED atá níos tíosaí ar fhuinneamh. Rinneadh seo agus a fhios againn go mbeadh na coigiltis ar chostais go luath níos mó ná an chéad infheistíocht bhreise. Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag infheistiú in infreastruchtúr glas, lena n-áirítear an cóiriú fótavoltach ag Halla an Chontae agus in áiteanna eile, feithiclí leictreonacha a sholáthar dá flít chomh maith le pointí luchtaithe do charranna leictreonacha a thabhairt isteach ag roinnt dá suíomhanna fóntais phoiblí. Seo réimse is gá a bhrú chun cinn i gcónaí mar ní bhíonn an t-aisíoc dár gcomhshaol, nó don chiste poiblí, le fáil láithreach bonn riamh. Bheinn ag tnúth leis go mbeidh an chéad mhéara eile ag leanúint ar aghaidh ag brú le haghaidh dul chun cinn maidir lenár lorg carbóin agus ár gcostais fuinnimh a chiorrú.

Ba é an réimse deiridh ar dhírigh mé air ná Baile Átha Cliath Theas a fhorbairt a thuilleadh mar chontae a éisteann. Creidim go bhfuil ionchur luachmhar le déanamh ag ár saoránaigh go léir, is cuma cén aois, inscne, creideamh, leibhéal cumais nó claonadh gnéis atá acu. Ina leith seo, bhuail mé lena lán grúpaí daoine aonaracha ilghnéitheacha agus spreag mé iad uile páirt níos mó a bheith acu i bhforbairt ár gcontae agus a bheith páirteach i ngach cineál comhairliúcháin. D'oibrigh mé freisin leis an gcomhairliúchán sin a dhéanamh níos ábhartha agus níos furasta a rochtain ach beidh gá le níos mó a dhéanamh sna blianta seo romhainn.

Bhí áthas ar leith orm tar éis an tionscnamh buiséadaithe rannpháirtíochta '€300k Have Your Say' a lainseáil i dToghlimistéar Áitiúil Leamhcáin in 2017, go rabhamar in ann an dara céim den phróiseas a rolladh amach, an iarraidh seo i dToghlimistéar Áitiúil Chluain Dolcáin (lena raibh an Caisleán Nua agus Ráth Cúil san áireamh), níos luaithe i mbliana. Cuireadh 160 smaoineamh isteach le linn chéim Leamhcáin in 2017 le níos mó ná 2,500 ballóid ar 17 dtionscadal ghearrliostaithe. Roghnaíodh ocht gcinn de na tionscadail sin le críochnú in 2018. Tá súil agam go mbeidh an próiseas €300k ann mar imeacht bliantúil i bhféilire Bhaile Átha Cliath Theas agus go leathnóidh sé thar am le go mbeidh méadú suntasach mór i líon na gceantar geografach agus i méid an chaiteachais ar fáil don phobal.

Taobh leis na téamaí seo, ba chrann taca láidir mé do thionscnaimh le fostaíocht a chruthú inár gContae. Lean Baile Átha Cliath Theas agus a Oifig Fiontraíochta Áitiúla ar aghaidh le dluthchaidreamh le Comhlachas Trádála Bhaile Átha Cliath Theas, agus tá an chomhpháirtíocht an-siombóiseach seo tar éis feabhas a chur ar ár ndeiseanna eacnamaíocha agus féidearthacht fostaíochta. Mar Mhéara, thug mé tacaíocht mhór don iliomad comhthionscnamh dírithe ar an bhféidearthacht a bhaineann le cruthú post a uasmhéadú. D'fhreastail mé ar a lán ócáidí fiontraíochta, lena n-áirítear lainseáil an tSuirbhé ar Fhás Eacnamaíoch is deireanaí (a bhí an-dearfach) chomh maith le gradaim d'fhiontraithe áitiúla. Thug mé cuairt freisin ar ghnólachtaí áitiúla agus ar fhiontair ilnáisiúnta ar fud an chontae le fairsingithe nua agus tionscnaimh fostaíochta a lainseáil.

**An Comhairleoir Paul Gogarty**
Méar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

# Réamhrá ón bPhríomhfheidhmeannach



I rith 2017 agus go maith amach anseo is é soláthar tithíochta, poiblí agus príobháideach, an dúshlán is mó atá againn. Bhí athbhunú ghnáthphatrúin soláthair fadálach ag teacht chun cinn tar éis an choir chun donais ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear rochtain ar chaipiteal, costais ghluaiseachta, toilleadh fórsa oibre agus costas, infhaighteacht agus seirbhísiú talún.

Ag obair i gcomhar le polasaí náisiúnta, bhí Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an-ghníomhach ag tacú le forbairt tithíochta poiblí agus príobháidí agus á cur chun cinn. Cé gur mhéadaigh críochnuithe tithíochta príobháidí de 36% go dtí 1,194, tá seo go maith faoin leibhéal is gá. Le linn 2017, i measc tionscnaimh ríthábhachtacha fuarthas €27 milliún faoin gCiste le haghaidh Gníomhachtú Tithíochta Áitiúla, bunú an Chláir Suíomhanna Folmha agus foilsiú na Dréachtscéime Pleanála do Limistéar Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa.

I dtéarmaí Tithíocht Shóisialta, táimid gníomhach i ngach gné de pholasaí rialtais. Ag deireadh na bliana bhí deich suíomh tógála gníomhach, a thabharfaidh 352 aonad in 2018. Chomh maith leis sin, tá ceadú pleanála faighte ag 109 n-aonad mar chuid de Chomhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach Réigiún Bhaile Átha Cliath, agus tá an chéim um Chomhplé Iomaíoch ar siúl d'Fhorbairt Chomhfhiontair (CF) 900 aonad phoiblí/phríobháideacha i gCill Chairbre. Ag an am céanna lenár gclár tógála, tá an Chomhairle tar éis cur go mór lena socruithe maidir le cíos príobháideach agus léasú. Ag deireadh na bliana, bhí 2,180 Íocaíocht le haghaidh Cúnamh Tithíochta beo, 1,397 gcomhaontú sa Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus 892 aonad eile á gcoinneáil faoi léas fadtéarmach.

Tá forbairt eacnamaíoch ríthábhachtach dár gcuspóir an Contae a dhéanamh níos tarraingtí agus inbhuanaithe. Tacaíonn Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí le 5,200 post le forbairtí nua tosaithe nó críochnaithe le linn 2017 ag Microsoft, Takeda agus Griffols. Buntacaíonn cur chun cinn pleananna méid na Páirce a dhúbailt lenár straitéis fhadtéarmach tacú le níos mó ná 10,000 post ar an suíomh seo. Tá an mháistirphleanáil don síniú seo ar siúl.

Príomhghné eile dár bhforbairt eacnamaíoch is ea an turasóireacht. D'osclaíomar Ionad Cuairteoirí an Chloigthí i samhradh 2017, fuaireamar €2 milliún de mhaoiniú do Bhealach Glas na Dothra, comhaontaíomar Straitéis Infheistíochta €5 milliún do Pháirc Chorcaí, lóisteálamar pleananna leis an mBord Pleanála le haghaidh Ionad Cuairteaoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus chuireamar chun cinn pleananna le haghaidh Stáblaí Chaisleán Ráth Fearnáin a athfhorbairt.

Tá infreastruchtúr inbhuanaithe ag teastáil ar phobail inbhuanaithe. Sampla de seo is ea leabharlann nua an mhoil dhigitigh i mBaile Phámar. Cuirfear ár bpleananna le haghaidh leabharlanna nua i gCluain Dolcáin agus i dTigh Motháin agus linn snámha nua agus sólann i Leamhcán ar thairiscint sa chéad ráithe de 2018. Ligeann na cineálacha seo áiseanna dúinn tabhairt faoinár gcuspóirí sláinte agus leasa dár saoránaigh uile. Arís eile, ritheamar réimse tionscadal agus clár ina leith seo. Bhí níos mó ná 119,000 rannpháirtí páirteach i gcláir spóirt in 2,294 imeacht, mheall 300 imeacht pobail 62,000 rannpháirtí, bhain 6,000 leanbh tairbhe as 26 thionscadal samhraidh agus mheall ár sólanna 600,000 cuairteoir.

Is gníomhaíocht an-tábhachtach ar fad eile í inbhuanaitheacht chomhshaoil, ina mbíonn an Chomhairle páirteach i réimsí ilghnéitheacha mar smachtú truaillithe, athrú aeráide, ceadúnú agus forfheidhmiú, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht fuinnimh. Gné thábhachtach dár bpolasaí comhshaoil is ea bainistíocht crann. Déanaimid cothabháil agus bainistíocht ar 60,000 crann ar fud an Chontae. Tá buntáistí sóisialta, comhshaoil agus athrú aeráide ag an acmhainn luachmhar seo. Le linn 2017 rinne ár bhfoireann cigireacht ar 3,948 gcrann, a raibh a idirghabháil féin ag teastáil ar gach ceann acu.

Is é rannpháirtíocht saoránach leanúnach agus comhairliúchán pobail eisint an daonlathais áitiúil. Cé go bhfanann an teileafón agus ríomhphost mar phríomhchainéil chumarsáid againn, táimid ag fáil idirghníomhú níos mó trí na meáin shóisialta. D'fhás ár gcainéal Facebook 66% le 1,901,450 ag feiceáil postálacha na Comhairle. Mhéadaigh rannpháirtíocht le postálacha 59%, cé gur mhéad an rochtain ar Twitter 24%, le níos mó ná 1,300,000 duine ag feiceáil ár dtvuíteanna. Lainseálamar ár dTairseach Comhairliúcháin Phoiblí in 2017, a d'óstaigh 25 chomhairliúchán agus suirbhé, ag mealladh 1,100 aighneacht.

Bhuaigh ár dTionscnamh um Buiséadú Rannpháirteach '€300k Have Your Say' Gradam don Fheabhas sa Rialtas Áitiúil agus rinne an IPA léirmheas an-dearfach air. Déanfar an tionscnamh arís in 2018.

Ní thagraíonn an achoimre an-ghairid seo ach ar chuid de na héachtaí an-dearfach in 2017 a tharla a bhuí leis na Comhaltaí Tofa agus an fhoireann ag obair le chéile lenár bpobail chun tairbhe do chách.

**Daniel McLoughlin**
Príomhfheidhmeannach

# Cruinnithe Comhairle 2017

Bhí 73 gcruinniú den Chomhairle Iomlán, Coiste Eagraíochta, Nósanna Imeachta agus Airgeadais, Grúpa Polasaí Chorparáidigh agus Coistí Ceantair ina raibh:

- 11 chruinniú den Chomhairle Contae
- 3 Chruinniú Speisialta den Chomhairle Contae
- 1 Chruinniú Buiséid Bliantúil
- 6 Chruinniú den Choiste Eagraíochta, Nósanna Imeachta agus Airgeadais (lena n-áirítear 1 Chruinniú Buiséid Speisialta)
- 12 chruinniú den Ghrúpa Polasaí Chorparáidigh (lena n-áirítear 1 Chruinniú Buiséid)
- Chruinnigh na ceithre Choiste Ceantair do Chluain Dolcáin, Leamhcán, Ráth Fearnáin/Teach Mealóg-Tír an Iúir agus Tamhlacht go léir deich n-uaire in 2017.

Chomh maith leis sin bhí:

- 25 chruinniú ag na sé Choiste Polasaí Straitéisigh
- 4 chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta
- 4 chruinniú den Choiste Iniúchta
- 2 Chruinniú ag Comhaltaí Oireachtais

# Coistí Polasaí Straitéisigh (CPS)

## CPS Ealaíon, Cultúir, Gaeilge, Oidhreachta agus Leabharlann

**An Comhairleoir Dermot Richardson mar Chathaoirleach**

Chruinnigh an CPS ceithre huaire in 2017 ag plé le polasaithe maidir le:

- Sraitéis Ealaíon na Comhairle.
- Straitéis agus Tionscnaimh maidir le Éire Ildánach.
- Forbairt Cheathrú Chultúrtha Thamhlachta timpeall Amharclann Chathartha, Rua Red agus an Leabharlann Chontae.
- Gnéithe ealaíon/cultúrtha/oidhreachta den Straitéis Turasóireachta, lena n-áirítear Féile Leabhar na Líne Deirge.
- Nuashonrúcháin agus feidhmiú Ghlúin an Cheoil.

## CPS Eacnamaíoch, Fiontraíochta agus Forbartha Turasóireachta

**An Comhairleoir Charlie O'Connor mar Chathaoirleach**

Chruinnigh an CPS cúig huaire in 2017 ag plé le polasaithe maidir le:

- Feidhmiú leanúnach na Straitéise Tacaíochta Gnó i gcomhar le Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas.
- Feidhmiú áitiúil Straitéis Fiontraíochta Réigiúnaí Bhaile Átha Cliath.
- Rolladh amach Straitéis Turasóireachta an Chontae, lena n-áirítear tionscadal gheata Shléibhte Bhaile Átha Cliath.
- Nuashonruithe ar agus feidhmiú Phlean le haghaidh Pobal Áitiúil Eacnamaíoch (PPÁE).
- Deiseanna le haghaidh Infheistíocht Eachtrach Dhíreach agus Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí agus forbairtí iontu.

## CPS an Chomhshaoil, na Ríochta Poiblí agus an Athraithe Aeráide

**An Comhairleoir Pamela Kearns mar Chathaoirleach**

Chruinnigh an CPS ceithre huaire in 2017 ag plé le polasaithe maidir le:

- Athrú Aeráide: Straitéis i dtreo pleananna gníomhaíochta maidir le hathrú aeráid d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus Plean Oiriúnaithe agus Maolaithe CCBÁCT a fhorbairt.
- Scéimeanna le haghaidh Maolú Tuilte agus Mionfheabhsuithe Dromchla Uisce.
- Tuairisc ar Straitéis Turasóireachta do Pháirc Chorcaí.
- Athbhreithniú ar Sholáthar Boscaí Bruscair agus moltaí le haghaidh píolótú Boscaí Bruscair gréine do Ráth Fearnáin.
- Prótacal le haghaidh carranna tréigthe a bhainistiú.
- Athbhreithniú ar Scéim Creidmheasa Shóisialta.
- Plean le haghaidh Bainistíocht ar Íoslach Abhann.
- Straitéis le haghaidh Reiligí.
- Comhairliúchán ar Spás Déagóirí .
- I measc nithe a cuireadh ón gComhairle bhí: Scéim Éarlaise Athchúrsála / Bille Laghdaithe Dramhaíola, Úinéireacht Capall Uirbeach/Smacht ar Chapaill. Rothair Streachailte agus Cuadrothair/Íoc le hÚsáid (ÍLÚ).

## CPS Tithíochta

**An Comhairleoir Cathal King mar Chathaoirleach.**

Chruinnigh an CPS ceithre uaire agus ba iad na príomhnithe a pléadh:

- Soláthar agus Seachadadh Tithíochta – Tionscadail.
- Gan Dídean.
- Polasaí maidir le Leithroinnt.
- Polasaí maidir le hIompar Frithshóisialta.
- Scéim na gCíosanna.
- Tionscadal Tithíochta do Dhaoine Níos Sine.

## CPS Sóisialta agus Pobail

**An Comhairleoir Deirdre O'Donovan mar Chathaoirleach.**

Le linn 2017 chruinnigh an CPS Sóisialta agus Pobail ceithre uaire. I measc phríomhréimsí na hoibre bhí:

- An Ciste um Thionscnamh Pobail.
- An Plean Straitéiseach um Chomhpháirtíocht Spórt.
- Scéim Slándála Baile Bhaile Átha Cliath Theas.
- MedEx, clár pobalbhunaithe athshlánúcháin tinnis ainsealaigh.


## CPS le haghaidh Úsáid Talún, Pleanála agus Iompair

**An Comhairleoir Emer Higgins mar Chathaoirleach**

Chruinnigh an CPS ceithre huaire in 2017 ag plé le hábhair maidir le:

- Aeradróm an Bhaile Thiar.
- Limistéar Forbartha Straistéisí Chluain Bhuiríos (LFS).
- Plean Bithéagsúlachta.
- Plean Forbartha Áitiúil Thamhlachta.
- Polasaí maidir le comharthaíocht phríobháideach ar.
- bhóithre príobháideacha.
- Tobhach ar Láithreacha Folmha.
- Bainistíocht Éigeandálacha M50.
- Tuairiscí ó bhForam Rothaíochta.
- Leithroinnt agus nuashonrúcháin Thionscadail Bhliantúla an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI).

Tá sonraí ar bhallraíocht iomlán CPSanna ar fáil in Aguisín 2.



# CPS Eacnamaíoch, Fiontraíochta agus Forbartha Turasóireachta

## Cuspóir 1
## Timpeallacht ghnó thacúil a chothabháil le cruthú agus coinneáil post ag a chroílár

Ag cruinniú Mhárta 2017 na Comhairle ceadaíodh plean feidhmithe le haghaidh Straitéis Fiontraíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath 2017 - 2019.

D'urraigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCBÁCT) dara ócáid Ghradaim Chomhlachas Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ar an 6 Deireadh Fómhair in Óstán an Citywest.

D'fhaomh an Coiste Measúnaithe agus Ceaduithe den Oifig Fiontraíochta Áitiúil €780 míle le haghaidh 28 dtionscadal, ag cruthú 48 bpost nua láithreach agus leis an bhféidearthacht 228 bpost nua a chruthú.

D'fhreastail níos mó ná 1,000 cliant cúrsaí oiliúna agus seirbhísí meantóireachta na hOifige Áitiúla Fiontraíochta (OÁF) agus d'fhreastail 340 duine gnó áitiúil eile ar chláir oiliúna de chuid an Chiste Tacaíochta Gnó. Bhí na cláir seo bunaithe ar shuirbhé ar riachtanais in 2015 a cuireadh i gcrích i gcomhar leis an gComhlachas.

Ceadaíodh 33 dhearbhán Trádála Ar Líne agus glacadh le 11 iarratas ar Dheontas Tacaíochta Teicniúla le haghaidh cabhair Easpórtála, lena n-áirítear brandáil bia, in 2017.

Thosaigh New Food Academy i bhFeabhra 2017, le trí rannpháirtí ó Bhaile Átha Cliath Theas.

Thosaigh ceithre chliant as Baile Átha Cliath Theas ar Chlár nua Accelerate i mí na Nollag 2017.

Comhaontaíodh cuir chuig agus deiseanna nua le haghaidh rochtain ar dheontas tacaíochta gnó ag cruinnithe Coiste Polasaí Straitéisigh (CPS) agus Comhairle do 2018.

Cuireadh oibreacha feabhsaithe Limistéir Tacaíochta Gnó i gcrích i bPáirc Ghnó Bhaile an Chócaigh, Seanbhóthar Belgard, le tuilleadh tionscadal á gcur chun cinn i mBaile an Mhóta agus Merrywell.

Clár Fionntraíochta na n-Oifigí Fiontair Áitiúla do Bhunscoileanna



## Cuspóir 2
## A bheith ag obair le gníomhaireachtaí tacaíochta fiontraíochta le hinfheistíocht eachtrach dhíreach a mhéadú i mBaile Átha Cliath Theas



Searmanas casadh an fhóid do Bhóthar Bhaile Adaim go Bóthar Nangair ag an bealach isteach go Páirc Gnó Chaisleán na Gráinsí

Thosaigh, lean ar aghaidh nó chríochnaigh go tógáil amach cliaint Chaisleán na Gráinsí Interxion, Grifols, Microsoft agus Takeda tionscadail shuntasacha in 2017.

Thosaigh Eirgrid ar fhostáisiún nua i gCaisleán Gráinsí Theas i Meán Fómhair, le hoibreacha réitigh seandálaíochta ag tosú ar an láithreán i mí na Samhna.

Bhronn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) maoiniú ar an gComhairle máistirphlean fuinnimh a chur de láimh de Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí. Críochnaíodh an tuairisc i nDeireadh Fómhair.

Thosaigh Máistirphlean Chaisleán na Gráinsí Thiar in 2017.

D'fhaomh comhaltaí na comhairle CyrusOne Datacentre Holdings le haghaidh láithreán 16 acra gCaisleán Gráinsí Theas a shealbhú.

Thacaigh Caisleán na Gráinsí le níos mó ná 5,200 faoi dheireadh 2017.

## Cuspóir 3
## Sócmhainní Chomhairle Bhaile Átha Cliath Theas a bhainistiú ar bhealach a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch

Lean GCFM ar aghaidh ag cothabháil, ag feidhmiú ag bainistiú Pháirc Ghnó Chaisleán Gráinsí.

Lean Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) ar aghaidh le haghaidh Bhóthar Bhaile Adaim le tiontú fóid ag tarlú i mí na Samhna. Bhí seo ceaptha le hinrochtaineacht ag bóithre agus ag seirbhísí ar Pháirc Ghnó Chaisleán Gráinsí agus ar an gceantar máguaird a mhéadú.

Tógáil le tosú ar an tríú seastán do Staid Thamhlachta tar éis próiseas rathúil tairiscintí críochnú in 2017.

D'óstaigh Staid Thamhlachta a lán imeachtaí neamhspleácha, lena n-áirítear Christmas Ice Rink agus Sorcas Fossett, chomh maith le rugbaí, Cumann Lúthchleas Gael agus cluichí sacair ban idirnáisiúnta.

Leanann feidhm bhainistíochta maoine na Comhairle ar aghaidh ag bainistiú agus ag riar bhanc talún na Comhairle go réamhghníomhach.

## Cuspóir 4
## Cion na n-ealaíon, leabharlann, oidhreacht agus na Gaeilge do cháilíocht na beatha inár n-eispéireas turasóirí a uasmhéadú

Ullmhaíodh pleananna do leabharlanna Chluain Dolcáin Thuaidh agus Thigh Motháin le haghaidh tairiscintí.

Lean an mol digiteach i mBaile Phámar ar aghaidh ag feidhmiú go rathúil le haghaidh iasachtaí, priontála, rochtain ar ríomhairí, áiseanna Wi-Fi, priontála 3D agus imeachtaí pleanáilte do ghrúpaí scoile agus naíonraí áitiúla.

Bhain leabharlanna an chéad duais haghaidh Ballyroan Reads Blog sna Gradaim do na Leabhair is Fearr agus Litríocht agus an tríú duais le haghaidh Yaps Bog ag na Littlewood Art and Culture Blogs.

Tá an Straitéis le haghaidh Éire Ildánach ar siúl agus ag tabhairt chun cinn fheidhmiú na Straitéise Ealaíon 2016-2020.

Cuireadh clár imeachtaí na leabharlann i gcrích go rathúil ar fud an líonra brainsí lena n-áirítear Summer Stars Reading Programme, imeachtaí Sheachtain na hEolaíochta agus Aontaí Ceardaíochta i Leabharlanna Bhaile Uí Ruáin agus Leamhcáin.

Chuir Red Line Book Festival 34 imeacht ar fáil in 13 ionad ar fud an chontae.

Bhí tionscnamh Comhpháirtíochta Eolaíocht ar siúl idir Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas, IT Thamhlachta agus Foróige le daoine óga a mhealladh agus a dteaghlaigh leis na hábhair Eolaíocht, Teicneolaícht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM).

D'aithin agus chatalógaigh rannóg léinn áitiúil agus staire áitiúla na leabharlann ábhar do thionscadal an Chloigthí agus Shléibhte Bhaile Átha Cliatha

Dul chun cinn i bPlean Forbartha Leabharlann 2018-2022.

Oscailt oifigiúil Mol Digiteach Leabharlann Bhaile Phámar



## CPS Eacnamaíoch, Fiontraíochta agus Forbartha Turasóireachta

**Cuspóir 5**
**Straitéis turasóireachta a chur i bhfeidhm bunaithe fhorbairt táirge agus branda nua**

Tar éis comhairliúchán leitheadach, lóisteáladh togra thionscadal Shléibhte Bhaile Átha Cliath leis an mBord Pleanála in 2017. Fuarthas an chéad chéim d'fhaomhadh deontais ó Fháilte Éireann don tionscadal seo.

Lainseáladh agus tosaíodh an Plean Straitéise Margaíochta Turasóireachta agus Feidhmithe in 2017.

Osclaíodh Ionad Cuairteoirí an Chloigthí i samhradh 2017.

Sa Red Line Book Festival i nDeireadh Fómhair 2017 bhí réimse níos leithne ionad agus imeachtaí le fócas margaíochta níos leitheadaí agus bhain sé amach líon méadaithe cuairteoirí.

Bhí Gaelforce Dublin ann i mí Feabhra 2017. Chuir an Chomhairle bonntaca faoin togra féile seo faoi cheannas an tionscadail ón nGrúpa Oibre Turasóireachta agus an CPS Forbartha Fiontraíochta Eacnamaíoch agus Turasóireachta.

Staidéir féidearthacht críochnaithe/ar siúl do Staidéar Bhealach Gorm na Life, plean Pháirc Chorcaí agus suirbhé riochta ar fhoirgnimh lasmuigh ag Caisleán Ráth Fearnáin.

Maoiniú ón Aontas Eorpach (AE) faighte le Tionscadal Bhealach Glas na Dothra a thabhairt chun cinn.

Ceadaíodh deich n-iarratas le haghaidh Deontais Éadan Siopa in 2017 le hoibreacha feabhsuithe leanúnacha sráidbhaile a chomhlánú.

Ionad Léirmhínitheach an Chloigthí
– Brú Chrónáin





# CPS le haghaidh Úsáid Talún, Pleanála agus Iompair

## Cuspóir 1
## Clár Bliantúil cothabhála agus feabhsuithe Oibreacha Bóithre a fheidhmiú

Lean an Clár Feabhsaithe Soilsithe Poiblí (i.e. uasghrádú LED) in 2017.

Clár suiteála rampaí ceansaithe tráchta i gcrích.

Obair dheisiúcháin cosán shubstaintiúil i gcrích i gCéide Choill an Chláir.

Clár bliantúil Cothabhála Bóithre agus Cosán i gcrích.

## Cuspóir 2
## Struchtúr agus próisis ghairmiúil phleanála agus bainistíochta forbartha a chothabháil

Gníomhaíocht tógála agus phleanála curtha chun cinn in LFS Bhaile Adaim.

Clár Suíomhanna Folmha in áit agus gníomhach.


Críochnaíodh leasú ar phróiseas Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Chuilinn - an tSeanchúirt.

Gradaim Náisiúnta Phleanála - fuair Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an chéad duais sa dá chatagóir Taisteal Cliste agus Pleanáil le haghaidh Athrú Aeráide.

€27m ar fad leithroinnte faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBÁSTG)

Dréachtscéim Pleanála Limistéar Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa foilsithe i mí Mheán Fómhair.

Rinneadh comhairliúchán poiblí réamhdhréacht ar Phlean Ceantair Áitiúil do Thamhlacht.




Sheol Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas plean chun 8,000 tithe nua a chur ar fáil i gCrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa

## CPS le haghaidh Úsáid Talún, Pleanála agus Iompair

### Cuspóir 3
### Gach cineál iompair a chur chun cinn, lena n-áirítear siúl agus rothar, le gluaiseacht daoine laistigh den chontae agus níos faide i gcéin a chur chun cinn




Bealach isteach go dtí Raon Rothaíochta Willsbrook a osclaíodh go hoifigiúil i mí Meitheamh 2017

Oibreacha i gcrích ar Chéim 3 Willsbrook Feabhsaithe Gabhail i Leamhcán agus Plás Bhóthar na Gráinsí.

Seó ar Shábháilteacht Bhóithre ar siúl ag Óstán Moran na Bó Deirge. Bhí níos mó ná 600 dalta meánscoile i láthair.

Bhí tionscadal Chnuasach Scoileanna Glasa Bhaile Uí Ruáin ann.

Ghlac an Chomhairle leis an doiciméad 'Traffic Calming Criteria' i mí an Mheithimh.

Thosaigh tógáil Scéim Feabhsaithe Bhóthar R120 Bhaile Adaim, lena n-áirítear an nasc le Bóthar Nangair.

Polasaí ar threorchomharthaíocht ar Bhóithre Poiblí glactha.

### Cuspóir 4
### Infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh maidir le pobail inbhuanaithe agus caighdeán na beatha




Seoladh 6 bunáit um chomhroinnt gluaisteáin GoCar

Glacadh le fodhlithe nua maidir le teorainn luais. Tá an teorainn luais 30km i bhfeidhm anois i ngach eastát tithíochta.

Críochnaíodh Bealach Siúil Belgard.

Cuireadh i gcrích Oibreacha Feabhsaithe Sráidbhaile i Ráth Cúil.

Críochnaíodh tionscadal geata sráidbhaile i Ráth Fearnáin.

Tá sí Chrosaire Scoile atá á bhfeidhmiú ag bardach anois go hiomlán i bhfeidhm.

Céim 1 de Scéim Feabhsaithe Sráidbhaile Thamhlachta (Bóthar na nGlaschnoc) i gcrích.

Siúlán Belgard, a ritheann idir ionad siopadóireachta An Chearnóg, Bóthar Belgard agus An tSráid Ard i dtreo Sráidbhaile Thamhlachta, a osclaíodh go hoifigiúil i mí Meitheamh 2017






# Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail

## Cuspóir 1
## Clár trí bliana a chur i bhfeidhm le tithíocht shóisialta a sholáthar i gcomhthéacs na Straitéise Tithíochta Sóisialta 2020

Thug an Chomhairle chun cinn tionscadail tithíochta an chláir Tógála Tithíochta Sóisialta faofa ag an gComhairle mar chuid 8 den phróiséas pleanála le hocht dtionscadal ar láithreán ina bhfuil 265 aonad agus dhá cheann eile le tosú le 87 nAonad bhreise.

Cuireadh seo i gcrích 42 sealbhú in 2017.

Is é an stoc reatha tithíochta sóisialta 9,168 n-aonad, le 1,397 n-aonad sa Scéim Cóiríochta Cíosa agus 892 Aonad ar Léas.

2,180 cuntas beo ar an Scéim le haghaidh Cúnamh Íocaíochta Tithíochta faoin 31 Nollaig.

138 leithroinnt le haghaidh daoine gan dídean in 2017.

Ba é an seal fuirigh meánach naoi seachtaine.

215 Dheontas Míchumas Phríobháideacha eisithe in 2017.

273 Dheontas Míchumais ar stoc na Comhairle in 2017.

Straitéis na dTithe Folmha curtha i láthair i Meán Fómhair 2017.

Naoi n-aonad athoscailte mar Mhoil do Dhaoine Gan Dídean in 2017 ag Gleann na hEorna.

Cuid 8 do 109 n-aonad i gComhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach i gCill Chairbre faofa.

Tionscadal Tithíochta Comhtháite i gCill Chairbre tugtha chun cinn go dtí Céim na Dialóige de Phróiseas Tairiscintí AE.

## Cuspóir 2
## Ról ceannasaíochta a ghlacadh san ionchuimsitheacht shóisialta agus sa chomhoibriú idirghníomhaireachta




Lainseáil Seachtain ar Chuimsiú Sóisialta 2017 i Halla an Chontae, Tamhlacht.

Feidhmitheoir an Chláir Ionchuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtúcháin Pobail (CISGP) curtha ar thairiscint ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) in 2017. Spriocanna bainte amach sna réimsí Díriú ar Mhíbhuntáiste Tíreolaíoch agus Díriú ar Ghrúpaí faoi Mhíbhuntáiste in 2017.

Plean 6 bliana an Phlean le haghaidh Pobal Áitiúil Eacnamaíoch mar atá comhaontaithe ag CFPÁ agus CPS Eacnamaíoch tugtha chun cinn. Athbhreithniú ar phlean oibre 2017 déanta ag CFPÁ in 2017 ar gach mír de Cholúin Phobail.

Féile Bealtaine agus Seachtain na nIonchuimsitheachta Sóisialta rathúla in 2017 le freastal iomlán ag a lán imeachtaí.

Tacaíonn Comhghuallaíocht Contae Aoisbháúil Bhaile Átha Cliath Theas agus tá siad i gceannas fós ar thionscnaimh le haghaidh aosú gníomhach sa phobal. Tacaíocht d'fhorbairt seideanna fear (trí cinn eile in 2017) agus an tionscnamh ar Shlándáil Baile do dhoirse agus paitíónna. Rinneadh timpeall 700 suiteáil faoi dheireadh 2017.

Bhí 39 gcruinniú d'fhóraim Chomhphóilíneachta agus Póilíneachta Áitiúil in 2017 lena n-áirítear cruinnithe poiblí i dTamhlachta, Cluain Dolcáin Thiar Theas agus Cluain Dolcáin Thuaidh. LPF tugtha chun cinn le haghaidh cheantair Leamhcáin agus Theach Mealóg/Ráth Fearnáin.

Bhí rath ar Flavours of South Dublin Intercultural Festival a bhí i gCaisleán Ráth Fearnáin i mí Mheithimh 2017.

Bhí sraith de Thionóil Sláinte Phobail ann trí Choiste Stiúrtha Sláinte Chontae Bhaile Átha Cliath Theas i gcomhar leis an bhFeidhmeannas Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Ospidéal Thamhlachta in 2017.

D'fhaomh an Comhchoiste Póilíneachta Plean Straitéiseach 2017 - 2022 agus Tuarascáil Bhliantúil 2016.

Lainseáladh Leabhrán Sábháilteacha Pobail in 2017 trí chomhoibriú Coiste Comhphóilíneachta, Comhghuallaíocht Aoisbháúil agus Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Bhaile Átha Cliath Theas.

Athbhreithniú ar Sparánacht Oideachas Chontae Bhaile Átha Cliath Theas le IT Thamhlachta déanta in 2017

Sparánacht Oideachais nua fógartha do dhaoine níos sine.

## Cuspóir 3
## Sláinte, leas, caitheamh aimsire agus gníomhaíocht a chur chun cinn le caighdeán na beatha a fheabhsú

Thug Grúpa Stiúrtha Sláinte and Chontae chun cinn roinnt tionscadal in 2017 lena n-áirítear dhá chlár rathúla de "We Quit Campaign" do Mhná, forbairt Straitéise Alcóil le Tascfhórsa Drugaí Thamhlachta agus an Dúshláin Tascfhórsa le stíl bheatha oibrithe a fheabhsú i roinnt gnólachtaí agus comhlachtaí.

Lean SPORTIVATE, Clár Forbartha Spórt na Comhairle i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar aghaidh in 2017.

Níos mó ná 119,000 rannpháirtí Cláir Spórt in 2294 imeacht.

Babhta ceannais Trastíre Scoileanna Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar siúl ar an 11 Bealtaine 2017 i bPáirc Chorcaí – 3,100 rannpháirtí ó 61 scoil.

Seachtain Ban agus Folláine rathúil i mí Mheán Fómhair le níos mó ná 90 imeacht.

Níos mó ná 300 imeacht Pobail ag mealladh níos mó ná 62,000 rannpháirtí.

Beagnach 600,000 cuairteoir ar Áiseanna Fóillíochta in 2017.

Tacaíocht tugtha do 26 Thionscadal/Champa Samhraidh do níos mó ná 6,000 leanbh.

Tacaíocht tugtha do dheich bhFéile Shráidbhaile Áitiúla in 2017.

Sraithchomótais Istoíche rathúla in 2017 le Cumann Peile na hÉireann (FAI) agus Gardaí – suas le 150 rannpháirtí le linn an chláir ag ceithre ionad i rith na Samhna le cluichí ceannais an chontae ina raibh 80 duine óg ar siúl ar an 1 Nollaig.

Pleanáil chuid 8 do thionscadal na linne snámha do Leamhcán faofa in 2017.

An Halla Spóirt Scoile ag cuimsiú áise Pobail do Bhaile Adaim tugtha chun cinn in 2017 agus le críochnú in 2018.

Líon mór imeacht eagraithe mar chuid de Sheachtain Náisiúnta Áineasa agus Lá Náisiúnta Súgartha.

Plean Straitéiseach Spórt Chontae Bhaile Átha Cliath Theas 2017 - 2022 lainseáilte.

An Chéad Chlár Scoile Maratóin do Leanaí curtha ar fáil, ag críochnú le lá Ceannais Bhaile Átha Cliath ag Staid Morton i mí na Samhna 2017.

Cuireadh i gcrích clár nua Aclaíochta Téarnaimh Cliniciúil iar-Obráide ag Sólann Thamhlachta i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal Thamhlachta mar chuid dár clár le haghaidh Contae Folláin.

Seoladh plean straitéiseach 5 bliana le haghaidh Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas



## Cuspóir 4
## Ceannasaíocht agus forbairt pobail a éascú trí rannpháirtíocht agus chumasú pobail

Chuaigh Gradaim do Dhianiarracht sa Phobal ar aghaidh den tríú huair le linn 2017 agus bhí an seó gradam ar siúl ar an 25 Samhain.

Ritheadh an Ciste Tionscnaimh Pobail, faofa ag an gComhairle in 2015, arís in 2017. Lig an Tionscnamh do Ghrúpaí Pobail tairiscintí a chur isteach le haghaidh tacaíocht mhaoinithe nach bhfuil ar fáil ó fhoinsí eile. Bhí 18 n-iontráil rathúla.

D'oscail an Scéim Deontas Pobail le haghaidh iarratas faoi dhó le linn 2017 – i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair.

Lean an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) ar aghaidh ag méadú líon a mball. Bhí roinnt clár oiliúna ar siúl tríd an LRP le linn 2017 chomh maith le seimineár ar Thithíocht Shóisialta.

Bhí aon cheann déag de Ghrúpaí Bailte Slachtmhara gníomhach. D'fheabhsaigh na Grúpaí Bailte Slachtmhara go léir a dtorthaí i gComórtas na mBailte Slachtmhara 2017.

Thacaigh an Chomhairle le cúig Iontrálaí Pride of Place in 2017. Bronnadh duaiseanna tánaisteacha ar Ealaíona Pobail Thamhlachta agus ar Bhaile Uí Ruáin ina gcatagóirí.

Tugadh Oiliúint sa Dea-Rialachas do dhá cheann déag de Bhoird Bhainistíochta Ionad Pobail.

Dhá Scéim Maoinithe Tionscnaimh Pobail, maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus curtha ar fáil tríd an CFPÁ mar chuid de Chlár Deontas Náisiúnta RAPID na Roinne 2017. D'éascaigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas chomh maith le Maoiniú Éire Fholláin na Roinne.

Buaiteoirí Mórghradam do Dhianiarracht sa Phobal 2017, Grúpa Oidhreachta Chloigtheach Chluain Dolcáin


Comhairle Contae
Átha Cliath Theas



# Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide

## Cuspóir 1
## Dreach ár gcontae a fheabhsú ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch

Rinneadh cothabháil ar fhearann páirce agus ar spásanna oscailte agus mar chuid de seo baineadh féar uair sa choicís idir Márta agus Deireadh Fómhair, rud a d'fhág gur baineadh breis agus 6,260 heicteár féir i rith na tréimhse.

Cuireadh clár oibre mionfheabhsúcháin i gcrích ina raibh tuairim agus 40 scéim mionoibre (mar shampla, tógáil cosán coise nua trasna spásanna oscailte, tógáil ráillí teorann, uasghrádú ar thimpealláin etc). Mar chuid de seo, rinneadh oibreacha nár críochnaíodh in 2016 agus leanfar de chuid eile in 2018.

Ag Maireachtáil le Crainn - Beartas Bainistíochta Crann CCÁCT: Ó Eanáir go Samhain 2017, rinneadh cigireacht ar 3,948 gcrann fad a cuireadh 156 chrann agus 700 eile curtha i Nollaig 2017 agus go luath in Eanáir 2018 mar chuid de chlár plandaithe gheimhreadh 2017. Prúnáladh 1,650 crann agus baineadh ar shiúl 993 chrann. Baineadh ar shiúl 328 stumpa crainn.

Scéim Feabhsúcháin Thírdhreach an N81: Cuireadh an réamhdhearadh le haghaidh scéim feabhsúcháin an N81 i gcrích agus Ceadaíodh Páirt 8 i Márta 2017. Rinneadh dul chun cinn ar an dearadh mionsonraithe agus ar an imscrúdú i rith 2017; cuireadh céim a haon amach ar tairiscint go luath in 2018.

Scéim Urraíochta Timpeallán: I rith 2017, dearadh scéim úr tírdhreacha agus cuireadh i bhfeidhm í ar an timpeallach ar an mbealach isteach chuig Sráidbhaile an Chaisleáin Úir.

Cuireadh scéim shuntasach uasghrádaithe tírdhreacha i gcrích ag timpeallán Orwell.

Dearadh scéim nua tírdhreacha, cuireadh amach ar tairiscint í agus bhí sí le tosú in 2018 ar an timpeallán ag acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóta/Ascaill Calmount.

Ghlac Comhairle Contae Átha Cliath Theas Gradam an Bhrait Ghlais i gcomhair Pháirc Chorcaí ag searmanas bronnta i gCaisleán Mhullach Íde i 2017



Cinntíodh suim san urraíocht ar thimpeallláin ag Bóthar Bhaile an Teampaill, ag Bóthar na gCrann Glas agus ar dhá thimpeallán in Eastát Tionsclaíochta Bhaile an Mhóta agus ar an timpeallán ar Bhóthar Bhaile Scallart ag Eastát Orlagh.

Fuarthas Brat Glas le haghaidh Pháirc Chorcaí in 2017.

Coimeádadh Clár na Láithreán Tréigthe agus rinneadh cigireacht ar 343 Fhoirgneamh Chontúirteacha/Láithreán Thréigthe i rith na bliana; bhí fiche láithreán ar an gClár faoi dheireadh 2017 agus dílsíodh dhá réadmhaoin.

Leanadh de bheith ag úsáid teicneolaíochtaí éiritheacha agus leanadh de thionscnaimh mhonatóireachta ar an timpeallacht lena n-áirítear CCTV ar bhruscar/dhramhaíl agus Closghléasanna in-ríomhchláraithe a suíodh ag suímh faoi leith le cabhrú linn dul i ngleic le graifítí, le bruscar, le dumpáil mhídhleathach agus le salú ag madraí. Bhíothas comhpháirteach in SBIR (Taighde Nuálaíochta Gnólachtaí Beaga) de chuid Smart Dubin - tionscnamh de chuid ceithre Údarás Bhaile Átha Cliath le bheith i gcomhpháirt le soláthraithe teicneolaíochta cliste, le taighdeoirí agus le saoránaigh chun dúshlán na dumpála a thabhairt agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú trí réitigh chliste nuálacha ar chostas íseal.

D'éirigh linn maoiniú a fháil faoin Scéim Náisiúnta Deontas Frithdhumpála, 2017, le haghaidh tionscadal a bhfuil sé de chuspóir acu dul i ngleic leis an dumpáil mhídhleathach agus baic éifeachtacha a fhorbairt chun cur in éadan daoine a mbíonn an t-iompar frithshóisialta seo ar bun acu.

Bailíodh 427 dtonna dramhaíola ó 675 araid bhruscair ar chúig shainbhealach; bailíodh 4,966 thonna ábhair a dumpáladh go mídhleathach agus bailíodh agus fuarthas réidh le 5,616 thonna trí scuabadh bóithre/ghlanadh silteán.

## Cuspóir 2
## Inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur san áireamh agus beartais á ndéanamh agus á gcur i bhfeidhm



Aontaíodh an Plean Bliantúil Seirbhíse, 2017, le hUisce Éireann agus cuireadh an tseirbhís ar fáil faoi Chomhaontú Seirbhíse.

Rinneadh cothabháil ar 1500 km de phríomhphíobáin uisce agus ar cheithre thaiscumar mhóra stórála.

Soláthraíodh 77ML uisce gach lá, agus bhí 38.75% d'Uisce gan Tásc (UFW) ann.

Rinneadh cothabháil ar 1,200 km de shéaraigh uisce bhréin agus dromchla.

Deisíodh 584 réabadh uisce agus sceitheadh uisce.

Rinneadh cothabháil ar Chaighdeán an Uisce ar mheán 99.9% i rith na bliana.

Réitíodh 59 gCás Uisce Thruaillithe.

Cuireadh clár glantachán aibhneacha i gcrích i rith 2017. Ba iad na haibhneacha agus na srutháin a glanadh ná an Poitéal, an Chamóg, sruthán Bhaile an Fhaoitigh agus sruthán na Seanchúirte.

Méara Chomhairle Contae Átha Cliath, an Comhairleoir Paul Gogarty, ag síniú Tionscnamh Chúnant na Méaraí ar Oiriúnú don Athrú Aeráide

Cuireadh Scéim Maolaithe Tuilte Bhaile Uí Chuilinn i gcrích ag deireadh Dheireadh Fómhair, dhá mhí roimh an sprioc. Rinneadh obair, freisin, ar chéimeanna fála scéimeanna maolaithe tuilte na Camóige agus an Poitéil.

Cuireadh Scéimeanna Uisce Dromchla i gcrích in 2017 ag Cnoc an tSéipéil, Baile Uí Chuilinn, Eastát Tionsclaíochta Bhaile an Chócaigh agus ag Páirc na Feá, Leamhcán. Cuireadh céim a haon den obair ar Lána an Tae i Ráth Cúil i gcrích in 2017.

Glacadh le 'Straitéis i dtreo Pleananna Gníomhaíochta ar an Athrú Aeráide le haghaidh Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath' ag Cruinniú na Comhairle i bhFeabhra 2017. Tá bonn maith faoin obair ar fud cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirt le Codema chun Pleananna Áitiúla Maolaithe agus Oiriúnaithe um Athrú Aeráide a dhréachtú.

Agus an Rún rite ag cruinniú Mheán Fómhair na Comhairle, shínigh an Méara, Paul Gogarty, Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh. Uaslódáladh an doiciméad seo chuig www.covenantofmayors.eu. Tá geallta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas go mbeadh laghdú 40% ar astaíochtaí $CO_2$ faoi 2030 agus go méadófar ár seasmhacht agus go gcuirfimid muid féin in oiriúint d'iarmhairtí an Athraithe Aeráide.

Searmanas casadh an fhóid don Scéim um Maolú Tuilte Bhaile Uí Chuilinn



## Cuspóir 3
## Bainistíocht a dhéanamh ar na róil ata againn maidir le rialú, le ceadúnú agus le forfheidhmiú i bpáirt leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Saoráid Eachaí ag Páirc Bhaile Eoghan



Aontaíodh Plean Seirbhíse 2017 le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Faoinár bPlean Gníomhaíochta um Bainistiú Bruscair, 2017, rinneadh imscrúdú ar 6723 ghearán, eisíodh 553 fhíneáil bhruscair, agus tugadh 63 dhuine os comhair na cúirte in 2017.

Leanadh de bheith gníomhach ag forfheidhmiú na reachtaíochta agus na rialachán dramhaíola. Eisíodh 21 Fhógra Forfheidhmiúcháin. Rinne Oifigigh um Fhorfheidhmiú na Dramhaíola 615 chigireacht agus ceadaíodh 40 saoráid (Ceadanna agus Teastais Chlárúcháin.

Rinne Cigirí um Thruailliú Uisce 632 chigireacht. Eisíodh 17 litir neamhchomhlíontachta agus tá 170 ceadúnas Roinn 16 (eisilteach tráchtála) ar obair.

Tugadh 189 gceardlann/seisiún eolais ar Fheasacht Chomhshaoil i scoileanna, i bpobail agus i ngnólachtaí.

Chláraigh 134 scoil le Clár na Scoileanna Glasa.

Bhí 2526 ghníomh de chuid na Scéime Creidmheasa Shóisialta ann.

Tá 70 Ionad Fág Anseo ann agus cuireadh dhá Ionad Athchúrsála ar fáil.

Déantar poibliú leanúnach ar ár dteachtaireacht maidir le hathchúrsáil mar chuid den Chlár Feasachta Comhshaoil. Go háirithe i rith Dheireadh Fómhair 2017 - Mí Náisiúnta na hAthúsáide, nuair a tugadh ceithre cheardlann ar an Athúsáid do scoileanna agus trí cheardlann ar an Athúsáid do ghrúpaí pobail. Bhí Recycle IT vintage ann i Hall an Chontae, Tamhlacht, i rith iomlán Dheireadh Fómhair; cuireadh seastán eolais san ionad siopadóireachta Square, i dTamhlacht, agus cuireadh trí thaispeántas de chuid Recycle IT Vintage ar siúl i leabharlanna de chuid CCÁCT.

Rinneadh an reachtaíocht maidir le Smachtú Ainmnithe a fhorfheidhmiú go gníomhach agus gaibhníodh 591 mhadra agus 227 gcapall dá barr, i rith na bliana. Foilsíodh Tairiscint Náisiúnta nua um Urghabháil Capall mar chonradh eatramhach agus síníodh go háitiúil é.

Rinneadh oscailt oifigiúil ar Ionad Eachaí Bhaile Eoghain agus tá sé in úsáid faoi Chomhaontú Bliantúil Bainistíochta le Club Eachaí Chluain Dolcáin.

Bhunaigh CCÁCT Grúpa Oibre maidir le Leas Capall i Réigiún Bhaile Átha Cliath i Lúnasa 2017 agus is é an cuspóir leathan atá aige comhchlár a fhorbairt chun úinéireacht fhreagrúil capall a chur chun cinn agus a éascú.

Foilsíodh agus bronnadh tairiscint úr don Chonradh um Pónaí Madraí.

Agus í ag obair le hOifig Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre, tá CCÁCT ag cur i bhfeidhm gníomhartha agus aidhmeanna faoi na hocht gcuspóir straitéiseacha de chuid an Phlean Bainistíochta Dramhaíola, 2015-2021. Rinneadh imscrúdú láithreáin/Measúnachtaí Riosca don Chomhshaol ag dhá sheanláithreán líonadh talún neamhcheadúnaithe agus iad aitheanta mar rioscaí de chuid chatagóir A.

D'aontaigh 12 Údarás Áitiúla an Oirthir plean oibre 2017 na bPríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola.

Cuireadh bailchríoch ar Athbhreithniú Cuimsitheach Inmheánach ar bhainistiú seirbhísí Reiligí na Comhairle, rud a rinne cíoradh ar bhuanna, ar laigí, ar dheiseanna agus ar bhagairtí a bhaineann leis na tseirbhís/acmhainn seo maidir le costais, polasaithe agus nósanna imeachta. Forbraíodh, dá thoradh seo, réimse cuimsitheach prótacal agus córas.

## Cuspóir 4
## Ár bpáirceanna agus ár n-áiteanna áineasa a chothabháil agus a fheabhsú chun caighdeán ár mbeatha a fheabhsú

Rinneadh cothabháil agus riarachán ar 163 pháirc imeartha de chuid na Comhairle ó cheann ceann na bliana.

Rinneadh measúnú riachtanas maidir le garraithe scóir i rith na bliana agus cuireadh an t-eolas le chéile agus ansin isteach i ndearadh molta an n-áiseanna garraithe scóir.

Críochnaíodh trí spás súgartha nua ag Cill na Manach, ag Cill an Rí agus ag Páirc Ghleann na Dothra Bige. Osclaíodh spás mór súgartha ag Páirc Thigh Motháin i rith na bliana agus athchóiríodh an clós súgartha ag Páirc Ghleann an Ghrífín.

Faoin Deontas Caipitil Spóirt, táthar ag dúil leis go cuirfear tús le hatógáil pháirc imeartha Pháirc Thigh Motháin agus le huasghrádú Rian Reatha Leamhcáin in 2018. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an dearadh mionsonraithe ar pháirc imeartha uile-aimsire ag Leamhcán agus chabhraigh an chomhairle leis na comhchainteanna idir an club agus na cónaitheoirí. Fuair ocht dtionscadal eile Maoiniú ón Deontas Caipitil Spóirt i Nollaig 2017.

Ceadaíodh an faomhadh pleanála le haghaidh saoráidí áineasa ag Sliabh Carmel, Páirc na Dothra, i nDeireadh Fómhair 2017. Críochnaíodh an tógáil ar pháirceanna imeartha athchurtha ag Páirc Theach na Giúise i Meán Fómhair 2017 agus tá na páirceanna anois á mbunú.

Bronnadh an tuairisc féidearthachta le haghaidh Pháirc Chorcaí ar na SPCanna (Coistí um Beartais Straitéiseacha) agus ar an gComhairle i rith an bliana.

Páirc spraoi nádúrtha i bPairc Thigh Motháin





# Cumas na hEagraíochta agus Freagracht

## Cuspóir 1
## Tacú le daonlathas áitiúil lena n-áirítear ról ár mBall Tofa maidir le ceapadh beartas agus ionadaíocht




Seoladh an tionscnamh '€300k Have Your Say' Buiséadú Comhpháirteach' ar an 28 Feabhra, 2017, le haghaidh thoghcheantar Leamhcáin. Mar chuid den tionscnamh seo, caitheadh breis agus 2500 ballóid trasna 17 dtionscadal ghearrliostáilte tar éis don phobal 160 smaoineamh a chur isteach. Bhain ocht dtionscadal agus roghnaíodh iad le dul ar aghaidh i dtreo a gcur i gcrích in 2018. Roghnaíodh Toghcheantar Chluain Dolcáin ina thoghcheantar áitiúil do 2018 ag Cruinniú Buiséid na Comhairle i Samhain.

Reáchtáil Méara Bhaile Átha Cliath Theas comhdháil dar teideal 'Putting People First in South Dublin' i Staidiam Tamhlachta ar an 3 Aibreán. Ba iad na Comhairleoirí, an PPN (Líonra Rannpháirtíochta Pobail) agus Feidhmeannas Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an sprioclucht féachana.

Bhí Cruinniú Bliantúil na Comhairle ann ar an Aoine, 30 Meitheamh, agus toghadh an Comhairleoir Paul Gogarty ina Mhéara do 2017 - 18 agus an Comhairleoir Breeda Bonner ina Leas-Mhéara ag an gcruinniú. Gabhadh buíochas leis an Méara a bhí ag imeacht as oifig, an Comhairleoir Guss O'Connell agus an Leas-Mhéara a bhí ag imeacht an Comhairleoir Martina Genockey ag an gcruinniú.

Tugadh tacaíocht do bhreis agus céad cruinniú sa bhliain ar fud iomlán na Comhairle, CPG (grúpa beartais chorparáidigh), Coistí Ceantair, Coiste Nósanna Imeachta agus Airgeadais na hEagraíochta, na Coistí Beartas Straitéiseach agus an Comhchoiste Póilíneachta, agus bhí dhá Chruinniú Comhairle ar Thithíocht Speisialta i Márta agus in Aibreán agus cruinniú

Oíche na dtorthaí le haghaidh an Tionscnamh um Buiséadú Rannpháirtíochta, '€300k Have Your Say'



Rún Speisialta i mBealtaine.

Bhí cruinnithe leis na Baill Oireachtais ó Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ar an 25 Iúil agus ar an 27 Samhain.

Foilsíodh Clár na dToghthóirí do 2017/18 ar an 15 Feabhra, 2017, agus foilsíodh Dréachtchlár na dToghthóirí do 2018/19 idir an 1 Samhain agus an 25 Samhain. Tugadh an obair chun críche maidir le glanadh sonraí an chórais iReg atá ann faoi láthair agus táthar á dtástáil anois ar an gcóras atá ag teacht ina ionad, Voter.ie. Is seirbhís roinnte í Voter.ie a bhfuil ceithre údarás Bhaile Átha Cliath páirteach inti.

Sheol na baill ráitis síntiúis ar ais roimh an spriocdháta 31 Eanáir 2017, faoi réir Roinn 19 den Acht um Thoghcháin Áitiúla 1999 (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh).

Rinneadh athbhreithniú iomlán ar Bhuan-Orduithe i rith 2017. Rinneadh comparáid le húdaráis atá ar mhéideanna cosúla agus reáchtáladh cruinnithe le riarthóirí agus le ceannairí grúpa, agus ansin, bronnadh an dréacht deiridh ar Bhaill ag Coiste Nósanna Imeachta agus Airgeadais Bhealtaine agus ghlac na Baill leis an dréacht deiridh ag cruinniú na Comhairle i Meitheamh 2017.

Cuireadh rún go dtabharfaí isteach craoladh ar an nGréasán le haghaidh chruinnithe na Comhairle Contae os comhair na mBall ag CPG (Grúpa Beartais Chorparáidigh), ag Coiste Nósanna Imeachta agus Airgeadais agus ag cruinnithe na Comhairle Contae ach níor cinneadh dul ar aghaidh leis seo ag an am seo.

## Cuspóir 2
## Bainistíocht dhian airgeadais, bainistíocht riosca, córais iniúchóireachta agus rialachais chorparáidigh a chur ar fáil

In 2017, de thoradh ar mheascán beartas, tugadh tacaíocht do leas airgeadais agus do bhainistíocht éifeachtach airgeadais sa chomhairle agus baineadh amach iad. Rinneadh monatóireacht ghníomhach ar bhuiséid agus coimeádadh smacht orthu trí thuairiscí ráithiúla san ioncaim agus sa chaipiteal agus tugadh don Chomhairle agus don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iad

I rith na bliana, rinneadh athluacháil iomlán ar na rátaí sa chontae. Rinneadh agus athbhreithníodh billí míosúla agus ráitis bhailiúcháin chun an t-ioncam a riaradh ionas go bhfaighfí an oiread ioncaim agus ab fhéidir.

Cuireadh le chéile clár caipitil trí bliana 2018 - 2020 a raibh tionscadail ar luach €383.5m ann agus ghlac an chomhairle le buiséid ioncaim ar luach €232m ar an 16 Samhain.

Ullmhaíodh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais, 2016, agus cuireadh na

cuntais iniúchta agus an tuairisc iniúchóra a tháinig ina diaidh sin chuig an gcomhairle agus chuig an gcoiste iniúchóireachta. I rith na bliana, rinneadh uasghrádú ar an gcóras bainistíochta airgeadais chuig stádas Milestone 4.

Bhuail an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus d'ullmhaigh siad a gclár oibre, rud a cuireadh thart ag cruinniú Eanáir na Comhairle. D'fhreastail Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ar chruinniú Mhárta na Comhairle agus chuir sé tuairisc bhliantúil 2016 an Choiste i láthair. D'fhreastail an Cathaoirleach ar chruinniú Mheán Fómhair na Comhairle freisin agus chuir sé tuairisc an Choiste i láthair maidir lena mbreithniú ar an Iniúchadh ar an Ráiteas Bliantúil Airgeadais, 2016. Rinneadh iniúchtaí inmheánacha i rith na bliana faoi réir an phlean iniúchóireachta agus chabhraigh na moltaí a rinneadh chun an timpeallacht rialaithe a threisiú. D'fhaomh an Coiste Iniúchóireachta an plean straitéiseach iniúchóireachta, 2018 - 2020, ag cruinniú na Nollag.

Leanadh de bheith ag cur an Phlean Comparáideach Fála, 2015 - 2017, i bhfeidhm agus rinne an Coiste Stiúrtha Fála monatóireacht air, coiste a bhfuil meánbhainisteoirí agus bainisteoirí sinsearacha ó gach Roinn den Chomhairle air. In 2017, chuir an Sainaonad Fála oiliúint sna beartais fála ar fáil do bhaill foirne agus rinne sé fógairt na gcomórtas ar www.etenders.gov.ie a bhainistiú ón lár. Cuireadh feidhmiúlacht fála an chórais úir bainistíochta airgeadais 'Milestone 4' i bhfeidhm go céimneach i rith ráithe 4, 2017.

Cuireadh tuairisceán 2016 Bhaile Átha Cliath Theas ar Tháscairí Náisiúnta Feidhmíochta isteach chuig an Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) roimh an spriocdháta (27 Aibreáin).

Foilsíodh an Cód Caiteachais Phoiblí agus cuireadh isteach chuig an NOAC é ar an 31 Bealtaine 2017.

Cuireadh bailchríoch ar Bheartas Bainistíochta agus Coimeádta Taifeadtaí in 2017 agus cabhróidh seo le baill foirne na Comhairle bainistíocht taifeadtaí a fheabhsú agus cabhróidh sé leo, freisin, tabhairt faoi obair ullmhúcháin sula gcuirfear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm i mBealtaine 2018.

Cuireadh an Dearbhú Eitice i gcrích agus ullmhaíodh an Clár Eitice roimh dheireadh Feabhra 2017.

Cuireadh an Tuairisc Mhíosúil Bainistíochta i láthair ag gach cruinniú de chuid na Comhairle. Críochnaíodh, i modh tástála, an hathruithe ar tháscairí áitiúla feidhmíochta, lena n-áirítear leagan spriocanna agus léiriú grafach sonraí, agus cuirfear i bhfeidhm in 2018 iad.

Phróiseáil agus d'eisigh an Chomhairle 250 cinneadh maidir le hiarratais faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise, um Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil, um Chosaint Sonraí agus um an Ombudsman.

### Cuspóir 3
**Leas a bhaint as dul chun cinn sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (FTC) chun a bheith níos éifeachtúla agus chun seirbhísí le haghaidh daoine áitiúla a fheabhsú**

Rinneadh beart suntasach fála i rith 2017, rud a réitíonn an bealach chun réiteach nua tithíochta comhtháite a fháil agus tosófar ar an tionscadal a chur i bhfeidhm i rith 2018.

Rinneadh uasghrádú suntasach ar fhreastalaithe, ar ríomhairí deisce agus ar chórais i rith 2017, rud d'fheabhsaigh cobhsaíocht agus seasmhacht na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide sa Chomhairle. Cuireadh uasghrádú ar ár n-áiseanna Wi-Fí inár gcuid leabharlann i gcrích.

Rinneadh leagan eile de phlean straitéiseach FTC na Comhairle a chur i ngníomh i rith 2017; ullmhaíodh straitéis teicneolaíochta agus slándála agus tosófar á cur sin i bhfeidhm i rith 2018.

Rinneadh cuid mhór oibre chun suíomh gréasáin úr a chur ar fáil don Chomhairle in 2017. Chuaigh suíomh gréasáin úr na Comhairle ar an idirlíon go luath in 2018.

Rinneadh forbairt, uasghrádú agus feabhsú ar chuid mhaith dár gcóras agus dár n-áiseanna ar líne i rith 2017. Mar chuid de seo, bhí an Pheanáil, Ceadúnais Madraí, Cíosanna Tí, Láithreáin Fholmha, Clár na Vótálaithe, Iniúchtaí Tithe, Agresso/Garsprioc 4, Croí-Acmhainní Daonna agus Párolla, Netconsent, Córas Buiséadaithe Comhpháirteach maidir le hIdéú agus Vótáil, Córas Bainistíochta Riosca, CBFF, Roadmap, Córas Gearán Comhshaoil agus cuid mhór eile nach iad.

I gcomhpháirt leis an Roinn Pleanála, bhrúigh foireann spáis na Comhairle forbairt suímh úr ghréasáin chun cinn, rud a chabhróidh le daoine atá aitheanta mar cheannaitheoirí réadmhaoine, agus lainseálfar seo in 2018. Tabharfaidh an tseirbhís seo, a dtugtar an property economic portal uirthi, eolas ábhartha maidir le teacht ar réadmhaoin inár gContae chomh maith leis an acmhainn forbartha atá ann

### Cuspóir 4
**Bealaí feiliúnacha cumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil a ligfidh do shaoránaigh a bheith réamhghníomhach agus comhpháirteach**

Bronnadh an Gradam Barr Feabhais i Rialtas Áitiúil, 2017, maidir le comhpháirteachas saoránach ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas mar gheall ar an Tionscnamh '€300k Have Your Say'. Rinneadh gearrliostáil ar chúig thionscadal eile.

Tugadh freagra ar bhreis agus 450 fiosrúchán trínár gcuid meán in 2017.

Tháinig méadú breis agus 5,000 ar líon leantóirí ár meán sóisialta agus tá tuairim is 20,800 leantóir anois againn ar chainéil meán sóisialta éagsúla. Athlainseáladh leathanach Instagram na Comhairle, freisin, chun freastal ar lucht féachana is óige laistigh den réigiún.

Tháinig méadú breis agus 66% ar chlúdach Chaineál Facebook Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus postálacha na Comhairle feicthe ag 1,901,450 duine. Tháinig méadú 49% in 2017 ar an idirghníomhaíocht le postálacha na Comhairle agus 109,387 duine ag idirghníomhú ar Facebook. Tháinig fás 24% ar an gclúdach ar Twitter agus tvuíteanna Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas feicthe ag breis agus 1,300,000 duine.

An pharáid laindéar ag 'Unwrapped – A Little More Light'



# Cumas na hEagraíochta agus Freagracht

Bhí Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas páirteach i Lá Twitter an Údaráis Áitiúil ar an 7 Márta 2017, agus iad ag fógairt, tríd na meáin shóisialta, na seirbhísí éagsúla a chuireann na hÚdaráis Áitiúla ar fáil do shaoránaigh.

Foilsíodh eagrán an tsamhraidh agus eagrán an gheimhridh den Citizen's Newsletter.

Bhí clár Unwrapped 2017 na nImeachtaí Nollag ar bun i Nollaig.

Próiseáladh breis agus 80,000 ceist trínár seirbhísí custaiméara ó cheann ceann na bliana agus bhí am freagartha 10 lá ar an meán ann.

Láimhseáil seirbhísí custaiméara breis agus 162,490 glao teileafóin agus tugadh freagra ar 84% dóibh sin laistigh de 20 soicind.

Dúnadh 25 Chomhairliúchán agus Shuirbhé in 2017 agus fuarthas breis agus 1,100 aighneacht.

Tionscnamh Smart Dublin Lainseáladh Dúshlán SBIR maidir le dumpáil mhídhleathach in 2017. Chomhoibrigh CCÁCT le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an tionscadal seo.

Thug foireann Smart Dublin cur i láthair do CCÁCT i Seomraí na Comhairle ar an 4 Deireadh Fómhair agus bhí 82 bhall foirne i láthair. Chuir baill foirne Dublinked seisiún Lóin agus Foghlama i láthair ar Shonraí Oscailte agus d'fhreastail 17 mball foirne air, an líon is mó is féidir freastal ar an seisiún.

Bhí Seachtain na Gaeilge Átha Cliath Theas ann ón 1 - 17 Márta agus bhí clár gnóthach imeachtaí ann, lena n-áirítear ceolchoirm speisialta le Kila, Céilí an Mhéara, ranganna ar gach leibhéal, ceardlann le John Spillane agus seisiúin cheoil thraidisiúnta.

Bhí clár leathan imeachtaí ar Shláinte agus Fholláine ó cheann ceann na bliana, agus bhí Seachtain na Sláinte agus na Folláine mar dheireadh air i Meán Fómhair.

Bhí Seachtain an Ionchuimsithe Shóisialta ann idir 20 go 27 Samhain i gcomhpháirt le réimse eagraíochtaí lena n-airítear BelongTo, the South Dublin Age Friendly Programme, an FSS agus eagraíochtaí eile nach iad.

Bhí Seachtain na hInrochtaineachta ann idir 27 Samhain agus 4 Nollaig agus bhí clár lán imeachtaí ann i réimse ionad i mBaile Átha Cliath Theas agus rinneadh iad sin a eagrú i gcomhpháirt le heochairpháirtnéirí.

## Cuspóir 5
## Dea-chleachtas sa Bhainistíocht Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne agus d'fhorbairt agus d'fheidhmíocht na heagraíochta

Nuashonraigh agus shínigh an Príomhfheidhmeannach an Beartas um Shláinte agus Shábháilteacht ar an 3 Márta 2017 agus cuireadh tuairiscí monatóireachta os comhair na foirne sinsearaí bainistíochta ar bhonn rialta. Chuathas i gcomhairle le baill foirne agus rinneadh cumarsáid leo ag cruinnithe ráithiúla le Coistí Comhairleachta áitiúla um Monatóireacht Sábháilteachta. Rinneadh cigireachtaí Sláinte agus Sábháilteachta ó cheann an bliana, agus nuair a aithníodh nach rabhthas á gcomhlíonadh, sainmhíníodh, aontaíodh agus cuireadh i bhfeidhm gníomhartha ceartaitheacha.

Bhí bainisteoirí sinsearacha i gceannas ar phleanáil an fhórsa oibre ar bhonn ráithiúil le dul i ngleic le deacrachtaí a bhain le struchtúir foirne, le gráid, le riachtanais scileanna, le soghluaisteacht agus le folúntais thábhachtacha. Bhuail Fóram Pleanála Fórsa Oibre agus ceardchumainn le chéile ar bhonn ráithiúil. Lean an earcaíocht le folúntais a líonadh.

Nascadh an Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha leis na creidmheasanna breisíocha agus is í an phríomh-mheicníocht í a úsáidtear le feidhmíocht na foirne a láimhseáil san eagraíocht. In éineacht leis, bhí an Plean Oiliúna agus Forbartha, 2017, a thug oiliúint do bhreis agus 2000 rannpháirtí.

Cumarsáid le Baill Foirne: Rinne an Príomhfheidhmeannach ceithre sheisiún bhliantúla eolais le gach ball foirne i Staidiam Tamhlachta i bhFeabhra 2017. Rinneadh an Suirbhé ar Chumarsáid le Baill Foirne i Nollaig 2017 agus foilsíodh Nuachtlitir na Foirne i Lúnasa agus i Nollaig 2017.

Clár Sláinte Cheirde: Bhí Seachtain Shláinte agus Fholláine na mBall Foirne ann idir 18 agus 25 Deireadh Fómhair.

Bhí an Searmanas Bronnta Aitheantas ar Sheirbhís Ball Foirne, Barr Feabhais agus Nuálacht ann ar an 14 Nollaig agus tugadh aitheantas do gach ball foirne atá ar scoir, do bhaill a bhfuil níos mó ná 25 bliana seirbhíse déanta acu agus do bhaill foirne a bhfuil taifeadtaí tinrimh den chéad scoth acu. Cuireadh dhá chatagóir úra isteach in 2017, Gradam an Mhorghnímh Phearsanta agus Gradam na Foirne Tionscadail Lean Six Sigma is fearr.

Oileadh 30 ball foirne go caighdeán an Chreasa Bhuí de chuid Lean Six Sigma agus duine amháin chuig caighdeán an Chreasa Ghlais rud a thugann an líon iomlán ball foirne ar cuireadh oiliúint orthu go 64 (61 ar chaighdeán an Chreasa Bhuí, 2 ar chaighdeán an Chreasa Ghlais agus 1 ar Chaighdeán an Chreasa Dhuibh). Tá moltaí curtha amach ag ocht dtionscadal agus tá siad á gcur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.



# Gradaim Chorparáide 2017

## Gradaim Barr Feabhais i Rialtas Áitiúil an Chomhlachais

Bronnadh Gradam an Dea-Chleachtais maidir le Comhpháirteachas Saoránach ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas as an tionscadal '€300k Have Your Say' - buiséadú comhpháirteach.

Bhí Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar an ngearrliosta, freisin, sna catagóirí seo a leanas:
Ag Tacú le Pobail Ghníomhacha - 55plus Daily Activity Planner
Sláinte agus Folláine - It's Not Just a Race
An tSeirbhís Leabharlainne is fearr- Teicneolaíochtaí Digiteacha - STEAM i leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas
An Timpeallacht Uirbeach a Fheabhsú - Ionad Eachaí Bhaile Eoghain.
Ócáidí Comórtha agus Ócáidí Comórtha Céad Bliain - Ár Laochra

## Gradaim um Pleanáil Náisiúnta

Bronnadh an bharrdhuais ar Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas in dhá chatagóir, Taisteal Cliste agus Pleanáil le haghaidh Athrú Aeráide.

Gradam Dea-chleachtas i gComhpháirteachas Poiblí á bhailiú sna Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chambers Ireland



# Aguisín 1.
# Cairteanna agus Graif Airgeadai


## Clár Comhordaithe
ar an 31 Nollaig 2017 (neamhiniúchta)

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Socmhainní Seasta agus Obair Leanúnach | 3,292,529 | 3,270,310 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 155,827 | 158,230 |
| Sócmhainní Glana Reatha | 201,188 | 150,938 |
| Creidúnaithe Fadtéarmacha | (222,381) | (221,110) |
| Sócmhainní Glana | **3,427,163** | **3,358,368** |
| **Maoinithe ag:** | | |
| Cuntas Obair Idir lámha agus Caipitilithe | 3,311,496 | 3,258,229 |
| Cúlchiste Ioncaim - Sonrach | 304 | 4,870 |
| Cúlchiste Ioncaim - Ginearálta | 12,146 | 12,111 |
| Iarmhéideanna Eile | 103,217 | 83,158 |
| | **3,427,163** | **3,358,368** |

## Ráiteas Cuntais Airgeadais Agus Caiteachais
don bhliain dar críoch 2017 (neamhiniúchtha)


| | Caiteachas Iomlán<br>2017<br>€'000 | Ioncam<br>2017<br>€'000 | Costas Glan<br>2017<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | 60,096 | 61,223 | (1,127) |
| Iompar ar Bhóithre agus Sábháilteacht | 24,678 | 5,409 | 19,269 |
| Seirbhísí Uisce | 10,373 | 8,663 | 1,710 |
| Bainistíocht Forbartha | 16,064 | 6,485 | 9,579 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 33,384 | 6,916 | 26,468 |
| Só agus Conláiste | 33,803 | 4,831 | 28,972 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas Sóisialta | 1,570 | 716 | 854 |
| Seirbhísí Ilghnéithe | 16,261 | 13,677 | 2,584 |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **196,229** | **107,920** | |
| **Costas Glan Rannóga le bheith maoinithe ó Rátaí, Cáin Réadmhaoine Áitiúil agus PRD** | | | 88,309 |
| Ioncam Rátaí | | | 117,151 |
| Cáin Réadmhaoine Áitiúil | | | 5,425 |
| Laghdú a bhaineann le Pinsin (PRD) | | | - |
| **Aistrithe Glana chuig Cúlchistí** | | | (34,232) |
| **Barrachas don Bhliain** | | | **35** |
| **Cúlchiste Ginearálta at 1 Eanáir 2017** | | | 12,111 |
| **Cúlchiste Ginearálta at 31 Nollaig 2017** | | | **12,146** |

## Caiteachas Iomlán 2012 - 2017




NÓTA: Áirítear leis na figiúir seo aistrithe go/ó chúlchistí

## Caiteachas Ioncaim 2017 le Rannóg (€'000): Iomlán €226,460




NÓTA: Cuimsítear sna figiúir seo aistrithe do/ó chúlchistí

## Aguisín 1.1 Costais Siamsaíochta agus Costais Ghaolmhara

De réir Mhír 76 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 ní mór taifead a bheith i dtuarascáil bhliantúil údaráis áitiúil de chostais agus de ghnéithe eile a bhaineann le fáiltithe agus siamsaíocht a sholáthar maidir le:
(a) Daoine mór le rá, agus
(b) Maidir le hócáidí speisialta a eagrú a bhaineann lena fheidhm.

De bhun an riachtanais seo, dearbhaíonn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas gurb ionann agus €4,975.05 san iomlán an méid seo le haghaidh 2017.

# Aguisín 2. Ballraíocht Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

## Cluain Dolcáin

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Breeda Bonner (Leas-Mhéara) | PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE | bbonner@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Kenneth Egan | FINE GAEL | kegan@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Trevor Gilligan | FIANNA FÁIL | tgilligan@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Jonathan Graham | SINN FÉIN | jgraham@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Emer Higgins | FINE GAEL | ehiggins@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Madeleine Johansson | POBAL SEACHAS BRABÚS | mjohansson@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Francis Timmons | NEAMHSPLEÁCH | ftimmons@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Mark Ward | SINN FÉIN | mward@cllrs.sdublincoco.ie |

## Leamhcán

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Vicki Casserly | FINE GAEL | vcasserly@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Paul Gogarty (Méara) | NEAMHSPLEÁCH | pgogarty@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir William Lavelle | FINE GAEL | wlavelle@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Ruth Nolan | I4C | ruthnolan@cllrs.sdublincoco.ie |
| Councillor Danny O'Brien | SINN FÉIN | dannyobrien@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Ed O'Brien | FIANNA FÁIL | eobrien@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Guss O'Connell | NEAMHSPLEÁCH | goconnell@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Liona O'Toole | NEAMHSPLEÁCH | lotoole@cllrs.sdublincoco.ie |

## Ráth Fearnáin

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Paula Donovan | FINE GAEL | pdonovan@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Francis Duffy | AN COMHAONTAS GLAS | fnduffy@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Sarah Holland | SINN FÉIN | sholland@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Conor McMahon* | FINE GAEL | cmcmahon@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Emma Murphy | FIANNA FÁIL | emurphy@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Deirdre O'Donovan | NEAMHSPLEÁCH | dodonovan@cllrs.sdublincoco.ie |

*I ndiaidh don Chomhairleoir Ann-Marie Dermody a éirí as, rinneadh An Comhairleoir Conor McMahon a chomhthoghadh ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath theas ag cruinniú na Samhna.

## Tamhlacht An Lár

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Mick Duff | PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE | mduff@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Brendan Ferron | SINN FÉIN | bferron@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Kieran Mahon | SOL | kmahon@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Cora McCann | SINN FÉIN | cmccann@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Mick Murphy | SOL | mmurphy@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Charlie O'Connor | FIANNA FÁIL | coconnor@cllrs.sdublincoco.ie |

## Tamhlacht Theas

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Louise Dunne | SINN FÉIN | ldunne@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Martina Genockey | PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE | mgenockey@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Emma Hendrick* | POBAL SEACHAS BRABÚS | ehendrick@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Cathal King | SINN FÉIN | cathalking@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Brian Leech | SOL | bleech@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Dermot Richardson | SINN FÉIN | drichardson@cllrs.sdublincoco.ie |

*I ndiaidh don Chomhairleoir Nicky Coules a éirí as, rinneadh An Comhairleoir Emma Hendrick a chomhthoghadh ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath theas ag cruinniú Mheán Fómhair.

## Teach Mealóg - Tír an Iúir

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Paul Foley | FIANNA FÁIL | pfoley@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Pamela Kearns | PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE | pkearns@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Brian Lawlor | FINE GAEL | blawlor@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Dermot Looney | SD | dlooney@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Ronan McMahon | RÉ NUA | rmcmahon@cllrs.sdublincoco.ie |
| An Comhairleoir Robert Russell* | SINN FÉIN | rrussell@cllrs.sdublincoco.ie |

*I ndiaidh don Chomhairleoir Enda Fanning a éirí as, rinneadh An Comhairleoir Robert Russell a chomhthoghadh ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath theas ag cruinniú Dheireadh Fómhair.

## Giorrúcháin Pháirtí

FF Fianna Fáil
FG Fine Gael
NEAMHSPLEÁCH
I4C Independents 4 Change
PBP POBAL SEACHAS BRABÚS
SF Sinn Féin
LAB Páirtí an Lucht Oibre
SD Social Democrats
AN COMHAONTAS GLAS
SOL Solidarity – The Left Alternative
RÉ NUA RÉ NUA Éire

# Aguisín 2.
# Ballraíocht Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

## Aguisín 2.1. Íocaíochtaí le Comhairleoirí in 2017

| Íocaíochtaí a rinneadh le Comhairleoirí faoi Mhír 142 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 | Méid |
|---|---|
| Íocaíochtaí Ionadaíocha Iomlána | €662,185.89 |
| Íocaíochtaí sa mhí | €257,355.21 |
| Liúntas Chathaoirleach an Choiste um Polasaí Straitéiseach - Iomlán | €36,000.00 |
| Liúntas an Mhéara (Eanáir go Nollaig 2017) | €29,938.46 |
| Liúntas an Leas-Mhéara (Eanáir go Nollaig 2017) | €5,987.69 |
| Oiliúint | €35,033.64 |
| Íocaíochtaí eile | €2,055.83 |
| Speanais iomlána a íocadh le baill maidir le freastal ar chruinnithe de chuid na Comhairle Contae agus a coistí | €1,028,556.72 |

## Aguisín 2.2: Ballraíocht na Comhairle ar Choistí agus ar Fhorais eile

### Cathaoirleacht ar Choistí Ceantair

Toghadh An Comhairleoir Mark Ward d'aon ghuth mar Chathaoirleach ar Choiste Ceantair Chluain Dolcáin.

Toghadh An Comhairleoir Ed O'Brien d'aon ghuth mar Chathaoirleach ar Choiste Ceantair Leamhcáin.

Toghadh An Comhairleoir Louise Dunne d'aon ghuth mar Chathaoirleach ar Choiste Ceantair Thamhlachta.

Toghadh An Comhairleoir Dermot Looney d'aon ghuth mar Chathaoirleach ar Choiste Ceantair Ráth Fearnán/ Teach Mealóg-Tír an Iúir.

### Coistí um Polasaí Straitéiseach

**Ealaíona, Cultúr, Gaeilge, Oideachas agus Leabharlanna**

**Baill Chomhairle**
- An Comhairleoir Dermot Richardson - Cathaoirleach
- An Comhairleoir Breeda Bonner
- An Comhairleoir Brian Leech
- An Comhairleoir Madeleine Johansson
- An Comhairleoir Cora McCann
- An Comhairleoir Dermot Looney

**Baill Earnála**
- Deirdre Rooney - Cumann Bhaile Átha Cliath Theas
- An tUas. Peadar O'Caomhanaigh - PPN

## Forbairt an Gheilleagair, Fiontraíocht agus Turasóireacht

**Baill Chomhairle**

- An Comhairleoir Charlie O'Connor - Cathaoirleach
- An Comhairleoir Guss O' Connell
- An Comhairleoir Ronan Mc Mahon
- An Comhairleoir Francis Duffy
- An Comhairleoir Paul Foley
- An Comhairleoir Conor McMahon
- An Comhairleoir Brendan Ferron
- An Comhairleoir William Lavelle

**Baill Earnála**

- Dr. Damien Roche - Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta
- Sean Reid - Cumann Bhaile Átha Cliath Theas
- Tara De Buitlear - PPN
- Sherri Brennan - Cumann Bhaile Átha Cliath Theas
- IBEC – Folúntas

## Timpeallacht, Réimse an Phobail agus Athrú Aeráide

**Baill Chomhairle**

- An Comhairleoir Pamela Kearns - Cathaoirleach
- An Comhairleoir Danny O'Brien
- An Comhairleoir Ed O' Brien
- An Comhairleoir Brian Lawlor
- An Comhairleoir Rob Russell
- An Comhairleoir Francis Timmons

**Baill Earnála**

- Connie Kiernan - PPN
- John Farrell - Cumann Bhaile Átha Cliath Theas
- Donnie Andersen - Tamhlaíocht agus Feirmeoireacht

## Tithíocht

**Baill Chomhairle**

- An Comhairleoir Cathal King - Cathaoirleach
- An Comhairleoir Louise Dunne
- An Comhairleoir Kieran Mahon
- An Comhairleoir Mick Duff
- An Comhairleoir Martina Genockey
- An Comhairleoir Trevor Gilligan
- An Comhairleoir Mark Ward
- An Comhairleoir Emma Hendrick

**Baill Earnála**

- Betty Tyrrell–Collard - ICTU
- Gillian Mc Williams – PPN
- Catriona Mc Clean – PPN

## Sóisialta agus Pobal

**Baill Chomhairle**

- An Comhairleoir Deirdre O'Donovan - Cathaoirleach
- An Comhairleoir Jonathan Graham
- An Comhairleoir Vicki Casserly
- An Comhairleoir Sarah Holland
- An Comhairleoir Kenneth Egan
- An Comhairleoir Emma Murphy

**Baill Earnála**

- Gráinne Ní Mhuirí - PPN
- Latifat Olagoke - PPN

## Úsáid Talún, Iompar aguas Pleanáil

**Baill Chomhairle**

- An Comhairleoir Emer Higgins - Cathaoirleach
- An Comhairleoir Mick Murphy
- An Comhairleoir Ruth Nolan
- An Comhairleoir Paul Gogarty
- An Comhairleoir Liona O' Toole
- An Comhairleoir Paula Donovan

**Baill Earnála**

- Neil Durkan - Forbairt Foirgníochta
- Denis Sherwim - Cumann Bhaile Átha Cliath Theas
- Siobhan Butler - PPN

## Ballraíocht Coiste Iniúchta Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

- George Kennington (Cathaoirleach), Iniúchadh Comhpháirtíochta, Crowe Horwath
- Eilis Quinlan, Quinlan agus Co Chartered Accountants
- Ann Horan, Cathaoirleach ar Údarás Rialaithe Táirgí Sláinte
- Dermot Carter, Stiúrthóir Airgeadais, Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí*
- An Comhairleoir Dermot Richardson
- An Comhairleoir Guss O' Connell
- An Comhairleoir Martina Genockey

*D'éirigh Dermot Carter as an gCoiste ar an 12 Nollaig 2017

# Aguisín 2.
# Ballraíocht Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

## Ballraíocht Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2017

**Comhairleoirí Bhaile Átha Cliath Theas (13) agus Méara**
- An Comhairleoir Deirdre O'Donovan - Cathaoirleach
- An Comhairleoir Paula Donovan
- An Comhairleoir Mick Duff
- An Comhairleoir Louise Dunne
- An Comhairleoir Kenneth Egan
- An Comhairleoir Brendan Ferron
- An Comhairleoir Paul Foley
- An Comhairleoir Emma Hendrick
- An Comhairleoir Cathal King
- An Comhairleoir Kieran Mahon
- An Comhairleoir Ed O'Brien
- An Comhairleoir Liona O' Toole
- An Comhairleoir Mark Ward
- An Méara, An Comhairleoir Paul Gogarty

**Oireachtas (5)**
- Sean Crowe T.D.
- John Curran T.D.
- John Lahart T.D.
- Folúntas
- Folúntas

**SDCC (1)**
- Billy Coman

**Garda Siochána (2)**
- An Ceannfort Kevin Gralton
- An Ceannfort Lorraine Wheatley

**Pobal (7) (PPN (4) Eile (3))**
- Ann Corrigan (PPN)
- Enda Creegan (PPN)
- Tara Deasy (PPN)
- Michael Noonan (PPN)
- Folúntas (Táscfhórsa um Dhrugaí agus Alcól sa Phobal)
- Ray McGrath (Táscfhórsa um Dhrugaí agus Alcól sa Phobal)
- Gemma Carton (Garda Diversion)

## Ballraíocht i gCoistí um Forbairt Phobail Áitiúil 2017

| Ainm | Eagraíocht |
|---|---|
| **Príobháideach** | |
| An tOllamh Mary Corcoran | Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad |
| An tOllamh Joe Barry | Ionad Choláiste na Tríondóide le hagaidh Eolaíochtaí Sláinte |
| Anna Lee | Pobal |
| Larry O'Neill | Comhpháirtíocht SDC |
| Tricia Nolan | Pobal PPN |
| Gerry Stockil | Pobal PPN |
| Justin Byrne | Timpeallacht PPN |
| Aiden Lloyd | Cuimsiú Sóisialta PPN |
| Maurice Walsh | Cuimsiú Sóisialta PPN |
| Folúntas | Seirbhísí Óige |

| Ainm | Eagraíocht |
|---|---|
| **Pobal** | |
| An Comhairleoir Paula Donovan | Ball Tofa |
| An Comhairleoir Kieran Mahon | Ball Tofa |
| An Comhairleoir Sarah Holland | Ball Tofa |
| Billy Coman | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas |
| Padraig Rehill | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Deirdre McKeon | Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire |
| Henry Fottrell | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| Colm Ward | Oifig um Fhiontraíocht Phoiblí |

# Aguisín 3. Comhdhálacha Oiliúna ar fhreastail Comhairleoirí orthu in 2017

| Ainm | Ionad | Dáta |
|---|---|---|
| Creatlach Oiliúna um Pleanáil Náisiúnta AILG | Óstán Radisson Blu, Co. Átha Luain | 19 Feabhra 2017 |
| Nua-Aoisiú Rialtais | Coláiste na hOllscoile, Co. Chorcaí | 19 Feabhra 2017 |
| Scoil Shamhraidh Cholmcille Éire agus an tAontas Eorpach i ndiaidh don Bhreatain imeacht | 28ú Scoil Shamhraidh Cholmcille, Co. Dhún na nGall | 24 – 25 Feabhra 2017 |
| Seimineár Turasóireachta - Comhoibrigh go háitiúil le bheith san iomaíocht go Domhanda - Údaráis Áitiúla ag Tacú le Turasóireacht | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Co. Baile Átha Cliath | 29 – 30 Márta 2017 |
| Comhdháil Bhliantúil AILG | West County Hotel, Inis, Co. an Chláir | 6 - 7 Aibreán 2018 |
| Comhdháil Bhliantúil LAMA | City North Hotel, Baile Mhic Gormáin, Co. na Mí | 28 – 29 Aibreán 2017 |
| Achoimre le haghaidh Baill Tofa ar tionscadail Forbartha Pobail - Uirbeach agus faoin tuath | An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin | 9 Bealtaine 2017 |
| Achoimre le haghaidh Baill Tofa ar tionscadail Forbartha Pobail - Uirbeach agus faoin tuath | Castlecourt Hotel, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo | 13 Bealtaine 2017 |
| Oiliúint AILG Achoimre le haghaidh Baill Tofa ar tionscadail Forbartha Pobail | Lakeside Hotel, Baile an Átha, Co. Tjiobraid Árann | 18 Bealtaine 2017 |
| Breatimeacht, Oiliúint Réigiúnach agus Gnóthaí an AE | Parkview Hotel, Newtownmountkennedy, Co. Chill Mhantáin | 26 Bealtaine 2017 |
| Oiliúint AILG | Dún Dealgan, Co Lú | 10 Meitheamh 2017 |
| 'Global Turbulence And Uncertainty - Ireland And Europe Must Prepare For A New Era' | Scoil Shamhraidh Mac Gill, Na Gleannta, Co. Dhún na nGall | 19 – 20 Iúil 2017 |
| 'Changing Trends And Approaches To Drug And Alcohol Abuse' | Baile Tí Mhóir, Co. Chorcaí | 1 – 3 Meán Fómhair 2017 |
| 'Wellbeing for Councillors' | City North Hotel, Baile Uí Ghormáin, Co. na Mí | 14 Meán Fómhair 2017 |

# Aguisín 3.
# Comhdhálacha Oiliúna ar fhreastail Comhairleoirí orthu in 2017

| Ainm | Ionad | Dáta |
|---|---|---|
| 'Wellbeing for Councillors' | Clayton Silver Springs Hotel, Co. Chorcaí | 23 Meán Fómhair 2017 |
| 'Local Authority Members Association Waste Management Better Efficiency' | Hotel Minella, Cluain Meala, Co. Tiobraid Árann | 28 – 30 Meán Fómhair 2017 |
| Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann - Comhdháil Oiliúna an Fhómhair | Sligo Park Hotel, Co. Sligeach | 12 – 3 Deireadh Fómhair 2017 |
| Institiúid um Oiliúint Ghairmiúil Buiséid Údarás Áitiúla | Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall | 12 – 13 Deireadh Fómhair 2017 |
| Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann - Straitéis Náisiúnta Leabharlainne 2018 - 2022 | Bridge House Hotel, An Tulach Mhór, Co Uíbh Fháilí | 19 Deireadh Fómhair 2017 |
| Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann - Éigeandáil Aimsire agus Údaráis Áitiúla | Amber Springs Hotel, Guaire, Co. Loch Garman | 14 Samhain 2017 |
| Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann - Éigeandáil Aimsire agus Údaráis Áitiúla | Cáisleán Dhún Búinne, Dún Búinne, Co na Mí | 18 Samhain 2017 |
| Ollscoil Luimnigh 8ú Ceardlann Bhliantúil Turasóireachta | Caisleán Dhroim Ólainn, Newmarket-on-Fergus, Co an Chláir | 17 - 18 Samhain 2017 |

# Aguisín 4. Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2017

## Tomhaltas iomlán agus deiridh fuinnimh Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2017

**Riachtanas Fuinnimh Phríomha Iomlán (TPER)**

| Fuinneamh | Catagóir Fuinnimh | Cineál Fuinnimh | Aonad | Bonnlíne | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Leictreachas | | | kWh | 52,968,669 | 40,602,807 |
| | Leictreachas | | kWh | 52,968,669 | 40,602,807 |
| | | Allmhairí Leictreachais Glana (Sonraí MPRN) | kWh | 23,183,983 | 15,688,977 |
| | | Allmhairí Leictreachais Glana (sonraí neamh-MPRN) | kWh | 29,784,685 | 24,913,830 |
| Teirmeach | | | kWh | 8,215,097 | 9,271,520 |
| | Gás | | kWh | 6,926,128 | 7,804,193 |
| | | Gás Nádúrtha (sonraí GPRN) | kWh | 6,871,166 | 7,401,983 |
| | | GPL (ceannaithe de réir toirte) | kWh | 54,962 | 402,211 |
| | Olaí Teasa | | kWh | 1,288,969 | 1,467,327 |
| | | Ceirisín | kWh | 84,875 | 25,188 |
| | | Ola Gháis | kWh | 1,204,094 | 1,442,139 |
| Iompar | | | kWh | 6,820,250 | 4,313,368 |
| | Breoslaí Iompair (Breoslaí Olaí Mianracha) | | kWh | 6,771,205 | 4,186,437 |
| | Bithbhreoslaí Iompair | | kWh | 49,045 | 126,931 |
| Riachtanas Fuinnimh Phríomha Iomlán (TPER) | | | kWh | 68,004,016 | 54,187,695 |

Seo feabhsúchán 27% i bhfeidhmíocht fuinnimh atá bunaithe ar bhliain bhonnlíne den mheán idir 2006 agus 2008 agus ar mhéadrach gníomhaíochta ilghnéitheach den fhreastal ar dhaonra ag ionad fóillíochta de réir mar a osclaíodh doirse na n-ionad fóillíochta don phobal le linn na tréimhse bonnlíne. Tá a gcuid spriocanna á mbaint amach ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas leis an bhfeabhsúchán 33% riachtanach a bhaint amach faoi 2020.

# Aguisín 4.
# Tuairisc ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2017

## Achoimre ar Thionscnaimh agus ar Ghníomhaíochtaí Bainte le Fuinneamh.

**Staidéar Mionsonraithe ar Théamh Ceantair:  - Tionscnamh HEATNET AE**

Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas comhpháirteach sa tionscnamh AE trí bliana seo chun straitéis aistrithe a fhorbairt chun teas íseal carbóin i gceantar a sholáthar, forbartha agus tástáilte i sé líonra áitiúil do théamh ceantair sa RA, in Éirinn, sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Ísiltír. Mar chuid den tionscadal píolóta seo tá an chéad líonra do théamh ceantair den ceathrú glúin á fhorbairt i dTamhlacht.

**Tiontaire fuinnimh DS3 den chéad ghlúin eile** mar chuid de thionscadal píolótach Freqcon le 50kw de ghrianchealla suiteáilte ar dhíon Halla an Chontae le laghdú ar thairgeadh carbóin mar thoradh air.

**Foirgnimh Bhardais:**
**Halla an Chontae -** Clár leanúnach ar spáráil fuinnimh agus clár feasachta fuinnimh foirne i rith 2017.
**Staid Thamhlachta –** Uasghrádú soilse agus bearta éifeachtúlachta chun uisce a shábháil tomhaiste.

**Pobal/Cónaithe**
**An Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DECLG) Clár um Uasghrádú Fuinnimh** – Ar lean uasghrádú ar thithe tionónta le 310 háitribh i bhFothair an tSionnaigh, An Ráth Ghlas agus Gort an Mhúraigh uasghrádaithe i 2017.

**Tionscadal ar Ionaid Phobail Ghlasa –**
Leanúint le huasghrádú agus le feachtas feasachta i 2017.

**Clár Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) BEC 2017 -**
Ionaid Phobail Chnoc Mitin agus Fhothair Chardain :
- Suiteáil PV (Córas Fótavoltach gréine)
- Uasghrádú ar Fhuinneamh Soilse (go ginearálta agus soilsiú éigeandála)
- Oibreacha ar uasghrádú teasa (Pumpa Teasa agus Rialtáin Téimh) (bainteach le hIonad Pobail Chnoc Mitin amháin)

**Soilsiú Poiblí**
**Feidhmiú Céimneach ar Shoilsiú Poiblí LED -** chomh maith le 1,741 uasghrádú i 2017

**Iompar**
**Bealach Glas na Dothra -** Tá Measúnú Timpeallachta críochnaithe agus tá Cuid 8 ceadaithe go foirmeálta i Mí na Samhna le haghaidh cuid de Bhealach Glas na Dothra laistigh de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

**Scéim Bhóthar na Gráinsí -** Céim 1 críochnaithe go luath i 2017 agus bhí oscailt oifigiúil plás an Chéid Naomh Éanna ar 28 Aibreán 2017.

# Aguisín 5.
# Nochtadh faoi Chosaint 2017

De réir Mhí 22 den Acht um Nochtadh faoi Chosaint 2014 ní mór tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le Nochtadh faoi Chosaint a fhaightear.
De bhun an riachtanais seo, dearbhaíonn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas nach raibh nochtadh ar bith faoi chosaint in 2017.

# Aguisín 6.
# Táscairí Feidhmíochta Áitiúla 2017

## Feidhmíocht Chorparáideach agus Athrú Aeráide

| Staitistic | Iomlán |
|---|---|
| Teagmháil Custaiméara a próiseáladh tríd an gCóras Bainistíochta Custaiméara (CMS) | 86,276 |
| Meán-Aga Freagartha CMS | 5.68 |
| Ionadaíocht ó bhaill a próiseáladh | 8,280 |
| Meán-Aga Freagartha ionadaíochtaí ó bhaill (laethanta) | 10.28 |
| Scairteanna Gutháin a freagraíodh | 171,669 |
| Scairteanna Gutháin a freagraíodh laistigh de 20 soicind (%) | 92.54 |
| Ceisteanna ó na meáin a freagraíodh | 489 |
| Ceisteanna maidir le Sráideanna a Dheisiú a freagraíodh | 5,660 |
| Leathanaigh idirlín a osclaíodh | 2,626,009 |
| Leantóirí ar na meáin shóisialta | 19,270 |
| Foireann atá fostaithe - WTE | 1,229 |
| Printiseachtaí/céimithe | 8 |
| Líon rannpháirtithe ó Rannpháirtíocht Phobail | 83 |
| % de rannpháirtithe CE a leithdháileadh | 66 |
| Clár Oiliúna - Líon rannpháirtithe | 2,866 |
| Líon ceisteanna maidir le Cúram Custaiméirí/Gearáin faighte i nGaeilge | 17 |

## Forbairt an Gheilleagair, Fiontraíocht agus Turasóireacht

| Staitistic | Iomlán |
|---|---|
| LEO - poist ar tacaíodh leo | 81 |
| LEO - tionscadail a ceadaíodh | 28 |
| LEO - rannpháirtithe in oiliúint | 663 |
| LEO – seisiúin mheantóireachta | 378 |
| Caiteachas ar dheontais chun tacú le gnó | 414,126.24 |
| Tionscnamh gnó le cruinnithe dála a eagraíodh | 288 |
| Deontais a íocadh maidir le héadáin siopa | 10 |
| Poist a coinníodh i gCaisleán Ghráinse | 4,411 |
| Leabharlann – fíorchuairteoirí | 859,697 |
| Leabharlann – cuairteoirí ar líne | 477,352 |
| Leabharlann – rudaí a glacadh ar iasacht | 1,161,523 |
| Leabharlann – seisiúin ríomhaireachta | 197,270 |
| Leabharlanna – imeachtaí a eagraíodh | 3,980 |
| Leabharlann – úsáideoirí WiFi | 125,964 |
| Deontais ealaíona íoctha | 29 |
| Imeachtaí ealaíona a eagraíodh | 70 |
| Cuairteoirí - Amharclann chathrach | 443,138 |
| Cuairteoirí Rua | 146,398 |
| Poist GC (Foirgníocht) | 931 |
| Infheistíocht CCBAT i dtionscadail tuarasóireachta | 2,507,782.66 |

## Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide

| Staitistic | Iomlán |
|---|---|
| Féar a baineadh - Heicteáir | 6,526.69 |
| Crainn a scrúdaíodh | 4,056 |
| Crainn a prúnáladh | 1,766 |
| Crainn a baineadh ar shiúl | 1,032 |
| Crainn a cuireadh | 606 |
| Líon stumpaí a baineadh ar shiúl | 328 |
| Líon áiteanna inar gearr claíocha | 205 |
| Heicteáir de thalamh páirce a coinníodh | 1,750 |
| Líon cuibhreann a cuireadha r fáil | 421 |
| Páirceanna imeartha a cuireadh ar fáil/ a coinníodh | 162 |
| Páirceanna súgartha a cuireadh ar fáil/ a coinníodh | 34 |
| Tonnáiste de dhramhaíol a bailíodh - boscaí bruscair sráide | 427.02 |
| Tonnáiste de dhramhaíol a bailíodh - bruscar/dumpáil mhídhleathach | 4,966.37 |
| Tonnáiste de dhramhaíol a bailíodh - scuabadh bóithre/silteáin | 5,615.5 |
| Líon ionad fág anseo a cuireadh ar fáil | 74 |
| Líon ionad athchúrsála | 2 |
| Líon scoileanna bratacha glasa | 134 |
| Ciliméadair de bhóithre a scuabadh sa mhí | 931 |
| Suíomhanna tréigthe/scrúdú ar fhoirgnimh chontúirteacha | 343 |
| Líon suíomhanna ar chlár na suíomhanna tréigthe | 20 |
| Líon scrúduithe ar an gcomhshaol | 615 |
| Nósanna imeachta forfheidhmithe comhshaoil ar cuireadh tús leo | 23 |
| Forfheidhmiú comhshaoil - cásanna druidte | 24 |
| Bruscar - fíneálacha a cuireadh amach | 553 |
| Bruscar - uaireanta sa chúirt | 43 |
| Bruscar - cásanna druidte | 4,407 |
| Líon iomlán ceadúnas dramhaíola i bhfeidhm | 34 |
| Líon fógraí forfheidhmithe bruscair eisithe | 21 |
| Cáilíocht Uisce (%) | 99.9 |
| % d’uisce nach bhfuil san áireamh | 38.75 |
| Deisithe cothabhála uisce curtha i gcrích | 584 |
| Eachtraí truaillithe uisce | 59 |
| Líon madraí a gaibhníodh | 591 |
| Líon ceadúnas madraí i bhfeidhm | 8,840 |
| Eachtraí dóiteáin inar slógadh Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (DFB) | 2,208 |
| Eachtraí otharcharr DFB a slógadh | 12,915 |
| Líon capall a gaibhníodh | 227 |

# Aguisín 6.
# Táscairí Feidhmíochta Áitiúla 2017

## Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Phobail

| Staitistic | Iomlán |
|---|---|
| An Stoc Tithíochta Iomlán | 9,167 |
| Tosaithe Tógála | 299 |
| Tógáil curtha i gcrích | 0 |
| Riachtanais tithíochta iomlána a measadh | 8,172 |
| Leithdháiltí - gan dídeán/ Eile | 258 |
| Líon Folúntas | 48 |
| Aga chun áitrithe a chur ar amach ar cíos arís (seachtainí) | 9 |
| Líon iomlán aonad RAS | 1,397 |
| Líon iomlán aonad HAP | 2,339 |
| Aonaid iomlána ar léas | 892 |
| Líon deontas tithíochta a ceadaíodh | 261 |
| Líon iarratas ar Chothabháil Tithíochta a fuarthas | 19,307 |
| Líon iarratas ar Chothabháil Tithíochta a fuarthas | 9,011 |
| Cothabháil Bheartaithe - Aonaid curtha i gcrích | 134 |
| Líon iomlán de chlárúcháin PPN | 106 |
| Líon deontas phoiblí eistithe | 96 |
| Líon cláracha spóirt | 2,437 |
| Líon rannpháirtithe i gcláracha spóirt | 124,092 |
| Líon imeachtaí pobail | 323 |
| Líon rannpháirtithe in imeachtaí pobail | 67,430 |
| Cuairteoirí ar shaoráidí só | 586,724 |
| Scrúduithe de chuid an An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 0 |
| Neamhrochtain gairmthe ag PRTB | 0 |
| Scrúduithe ar Fhaisnéis ar Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh | 179 |
| Teastais BER a foilsíodh | 218 |
| Scrúduithe Meicníochta | 2,168 |
| Uasdátuithe fuinnimh curtha i gcrích | 319 |
| Scrúduithe leictreacha a curtha i gcrích | 2,143 |
| Líon eachtraí neamhshóisialta a tuairiscíodh | 663 |
| Líon gníomhartha a rinneadh mar fhreagra ar thuairiscí | 7,785 |
| Cruinnithe de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta agus an Fhóraim Phóilíneachta a eagraíodh | 37 |
| Líon Féilte Áitiúla ar tacaíodh leo | 10 |
| Oibreacha Deontais Daoine Míchumasacha (DPG) | 196 |
| Bailte Slachtmhara ar Tacaíodh leo | 11 |

## Pleanáil Úsáide Talún agus Iompar

| Staitistic | Iomlán |
|---|---|
| Iarratais Phleanála a fuarthas - tithíocht nua | 207 |
| Iarratais Phleanála a fuarthas - tithíocht nua (aonaid) | 2,343 |
| Pleanáil ceadaithe do thithe nua - iarratais | 104 |
| Pleanáil ceadaithe do thithe nua - iarratais (aonaid) | 2,053 |
| Iarratais Phleanála Tithíochta - iarratais | 207 |
| Iarratais Phleanála Tithíochta - iarratais (aonaid) | 2,343 |
| Pleanáil ar diúltaíodh di - líon tithe | 262 |
| Iarratais Phleanála - eile | 692 |
| Pleanáil eile - líon a ceadaíodh | 595 |
| Pleanáil eile - líon a diúltaíodh | 63 |
| Iarratais ar Fhaisnéis bhreise - gach rang | 179 |
| % cinntí dearbhaithe ag ABP | 60 |
| Cruinnithe réamhphleanála a eagraíodh | 206 |
| Forfheidhmithe Pleanála a tionóladh | 97 |
| Comhaid forfheidhmithe druidte | 84 |
| Scrúduithe ar Rialú Foirgneamh | 313 |
| Fógraithe tosaithe a fuarthas | 1517 |
| Líon iarratas chun Dul i gCeannas (TIC) faighte | 1 |
| TIC curtha i gcrích | 3 |
| Limistéar cosán deisithe i méadair chearnógacha (m2) | 83,781 |
| Limistéar de bhóithre a deisíodh i m2 | 129,455 |
| Líon soilse poiblí i gceannas | 29,269 |
| Líon soilse poiblí a deisíodh | 6,409 |
| Líon tráchta soilse deisithe | 1,005 |

# Aguisín 7.
# Foireann Bainistíochta Sinsearaí

| | |
|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | Daniel McLoughlin |
| Stiúrthóir ar Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontraíochta agus Turasóireachta | Frank Nevin |
| Stiúrthóir ar Thithíocht agus ar Fhorbairt Shóisialta agus Phobail. | Billy Coman |
| Stiúrthóir ar Timpeallacht, Uisce and Athrú Aeráide, | Teresa Walsh |
| Stiúrthóir ar Fheidhmíocht Chorparáideach agus Bhainistíocht Athraithe | Lorna Maxwell |
| Stiúrthóir ar Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompair | Eddie Taaffe (go dtí Deireadh Fómhair 2017) agus Laura Leonard, Ag Feidhmiú |
| Ceannaire ar An Roinn Airgeadais | Ronan Fitzgerald |
| Ceannaire ar an gCóras Faisnéise | Tommy Kavanagh |
| Ailtire an Chontae | Eddie Conroy |
| Gníomhaire Dlí | Lorcan Gógan |

www.sourcedesign.ie

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

Ag Seo Ár gCúram

This We Hold in Trust